

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

PLEAN SEIRBHÍSE 2019



cetb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Chorcaí
*Cork Education and
Training Board*

Conair do Gach Aon Fhoghlaimoír

Clár Ábhair

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	4
2. Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach	4
3. Gearrchuntas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	5
Léarscáil gheografach de BOO Chorcaí	7
4. Prionsabail Treoracha	7
Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha	7
Cad is brí lenár luachanna?.....	10
Forálacha Forfheidhmithe agus Monatóireachta.....	12
Sreabhadh Oibre an Timthriall Pleanála	13
5. Ár dTéamaí Straitéiseacha, ár dTosaíochtaí agus ár mBearta.....	14
Téamaí Straitéiseacha.....	14
1) Ár bhFoghlaimoírí.....	15
Is é an aidhm atá againn ná eispéireas foghlama ardchaighdeáin a sholáthar do gach aon fhoghlaimoír.	15
2) Ár bPearsanra.....	26
Is é an aidhm atá againn ná gairmithe ardchaighdeáin a earcú, a fhostú agus a fhorbairt ar fud ár seirbhísí go léir.	26
3) Ár Seirbhísí	33
Is é an aidhm atá againn ná cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, atá iomchuí agus ábhartha a sholáthar i dtimpeallachtaí agus i suíomhanna oiliúna bunscoile, iar-bhunscoile, agus breisoideachais, timpeallachtaí ina gcuirtear an teagasc agus an fhoghlaim ardchaighdeáin i gcroílár na mbearta uile, agus béim curtha ar an rochtain ar an aistriú agus ar an fhorchéimniú.	33
4) Ár nEagraíocht.....	40
Is é an aidhm atá againn ná chun cur leis an bpróifíl atá ag an eagraíocht trí sheirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil chun tacú lenár soláthar oideachais agus oiliúna.	40
6. FORBHREATHNÚ AR SEIRBHÍSÍ 2019	47
SCOILEANNA.....	47
Bunscoileanna.....	47
Ath-eagrúchán Bunscoile.....	47
Iar-bhunscoileanna	47
BREISOIDEACHAS & OILIÚINT	48
Coláistí Breisoideachais (PLC)	48
Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna).....	48
Seirbhísí Óige.....	49
Ógtheagmháil.....	49
An Litearthacht d'Aosaigh.....	50

Oideachas Pobail	50
Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)	51
Seirbhísí Treorach Chorcaí.....	51
TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL	51
Caipiteal & Soláthar.....	52
Seirbhísí Corparáideacha	52
Acmhainní Daonna.....	53
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	53
Airgeadas	53
Gluais Téarmaí	56

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Is cúis mhór áthais dom Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) 2019 a chur i láthair. Sa leagan athbhreithnithe den Phlean Seirbhíse, tá béim leagtha ar an obair shuntasach atá déanta ag foireann BOO Chorcaí chomh maith leis na bealaí ina bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh chun treoir a thabhairt don eagraíocht i ndáil leis na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise ar conas seirbhísí a chur ar fáil do lucht foghlama Chorcaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a chuir an t-am ar leataobh chun cur le forbairt an Phlean Seirbhíse agus anuas air sin ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí go léir agus sinn ag obair i gcomhar le chéile chun na cuspóirí atá againn don bhliain 2019 a bhaint amach.



An Clr Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

2. Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

Is éard atá ag croílár ghnó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ná an soláthar de sheirbhísí ardchaighdeáin d'foghlaimeoirí, maidir leis na seirbhísí go léir atá curtha ar fáil againn agus na pobail uile a bhfreastalaímid orthu. Trínár bPlean Seirbhíse Bliantúla a ullmhú agus a chur i láthair, cuirtear deis ar fáil don eagraíocht athbhreithniú, measúnú agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá romhainn chun a chinntiú go bhfuilimid ag cur seirbhísí oiriúnacha i gcrích ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Tugann sé deis dúinn, mar eagraíocht, a chinntiú go bhfuil an Fhís, an Misean, chomh maith leis na Luachanna agus Tosaíochtaí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise ag stiúradh agus ag treorú ár mbearta go léir.

Agus mé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna Gníomhach, tá tuiscint mhaith agam ar an obair ríthábhachtach agus ar an saothar le croí mór maith a dhéanann na baill uile dár bhfoireann chun a chinntiú go bhfuil deiseanna ann chun an t-eolas, na scileanna, na suimeanna agus inniúlachtaí atá ag na foghlaimeoirí i gCorcaigh a fhorbairt leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh ionas go mbeidh bealach níos fearr ar fáil dóibh chun tairbhe a bhaint amach as na deiseanna a bheidh ann dóibh, idir deiseanna eacnamaíochta agus pearsanta, agus go mbeidh siad réidh chun na deiseanna sin a thapú chomh maith. Níl aon amhras orm ach go mbíonn athrú mór ag teacht ar shaol na bhfoghlaimeoirí, i gcás roinnt mhaith díobh, mar gheall ar thairbhe a bheith bainte amach acu as seirbhísí de chuid BOO Chorcaí. Agus an Plean Seirbhíse seo á fhorbairt, tá sé oiriúnach go léirítear an dul chun cinn atá déanta againn chun ár Ráiteas Straitéise a chur i gcrích, rud a chuireann daoine i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

Ba mhaith liom an méid atá ráite ag an gCathaoirleach a threisiú chomh maith, agus buíochas a ghabháil leis an fhoireann iomlán as an méid atá déanta acu chun críocha Plean Seirbhíse na bliana seo a fhorbairt, agus guím gach rath orthu agus é á chur i bhfeidhm acu.



John Fitzgibbons
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

3. Gearrchuntas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (dá ngairtear BOO Chorcaí anseo feasta) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach as a chuid feidhmeanna i gceantair údaráis áitiúla Chomhairle Contae Chorcaí agus Chorcaí a threorú agus a rialú go hiomchuí.

Ritheadh an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 i mBealtaine 2013 ionas go mbeidh éifeacht leis ón 1 Iúil 2013 ar aghaidh. Rinneadh foráil leis an Acht do dhíscaoileadh na gCoistí Gairmoideachais (VECanna) agus do na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a bheith bunaithe trí phróiseas ina raibh cuid de na 33 Choistí Gairmoideachais atá ann cheana a chumasc. Tar éis iar-Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair Chorcaí a bheith cónasctha, bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) agus freagracht bronnta air as soláthar an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais mar a bhí ar na Coistí Gairmoideachais a bhí ann roimhe.

Síníodh an tAcht um Breisoideachas agus Oiliúint 2013 i mí Iúil 2013 lenar cuireadh i bhfeidhm mar dhlí é. Faoin Acht seo, bunaíodh SOLAS (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna) a bhfuil freagracht air as na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a sholáthraíonn BOO ar bhonn áitiúil a phleanáil, a mhaoiniú agus a chomhordú. Rinneadh foráil san Acht go n-aistreofar feidhmeanna agus foireann na hOiliúna a bhí ag FÁS chuig na BOOanna nuabhunaithe freisin.

Is é BOO Chorcaí an t-aon chomhlacht reachtúil i gCorcaigh a bhfuil sé de fhreagracht air oideachas agus oiliúint a sholáthar thar raon leathan seirbhísí. Tugann na seirbhísí a chuirtear ar fáil dúshlán don eagraíocht nuair a chuirtear le líon na bhfoghlaimeoirí iad agus an éagsúlacht atá ag ionchais na bhfoghlaimeoirí. Ag seo a leanas, cur síos ar líon na bhfoghlaimeoirí agus na rannpháirtithe atá ag gabháil d'oideachas, d'oiliúint agus do ghníomhaíochtaí BOO Chorcaí:

Daltaí Bunscoile	258
Daltaí Iar-bhunscoile	11,476
Mic Léinn Bhreisoideachais (PLC)	4000
Cúrsaí Oiliúna Printíseachta	1200
An Oiliúint Chumaiscthe	9
Ionaid Oiliúna Pobail	220
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	579


Soláthraithe Sainoiliúna	362
An Oiliúint i Scileanna ar Leith	1,376
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	286
Ógtheagmháil	768
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	4,335
Grúpaí BTEI	3,030
ESOL	931
Oiliúint Iarnóna	930
ITABE	235
Scileanna don Obair	205
Oideachas Pobail	4,375
IOMLÁN	34,575

Foinse na Sonraí: Fuarthas na sonraí go léir ó thuairisceán SOLAS FARR seachas i ndáil leis na daltaí Iarbhunscoile Iarbhunscoile agus na mic léinn Bhreisoideachais, gurb ó thuairisceáin chuig an ROS a bhfuarthas na sonraí maidir leo. Is í 2018 an bhliain tagartha i ndáil leis na sonraí go léir.

Is iad sprioc-chliant BOO Chorcaí ná:

- Foghlaimeoirí inár scoileanna, inár gcoláistí, inár n-ionaid oiliúna agus i dtimpeallachtaí pobail
- Iarratasóirí faoi na scéimeanna tacaíochta foghlaimeora éagsúla arna riar go díreach ag BOO Chorcaí
- Soláthraithe Seirbhísí Óige
- Grúpaí Oideachais agus Oiliúna Pobail
- Eagraíochtaí Pobail Deonacha
- Pobail ar fud an Chontae


Léarscáil gheografach de BOO Chorcaí



4. Prionsabail Treoracha

Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha

Agus téamaí straitéiseacha á bhforbairt, thug BOO Chorcaí aird ar leith ar fhís agus ar mhisean na heagraíochta a forbraíodh trí phróiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhar lenár bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara. Is iad ár dtéamaí straitéiseacha ná an fhís atá againn, chomh maith leis na ráitis mhisin atá againn, a fhorbairt níos mó don eagraíocht. Tá gach uile ghné dár straitéis mar bhonn taca ag na prionsabail agus na luachanna treoracha atá aitheanta ag an bhfoireann agus ag páirtithe leasmhara mar chuid dhílis de cad is brí le bheith mar chuid de BOO Chorcaí agus, chomh maith leis sin, an rud ar cheart do BOO Chorcaí a bheith ag seasamh.



In BOO Chorcaí, cuirtear tús áite do leas na bhfoghlaimeoirí i gcónaí. Tacaíonn na prionsabail agus na luachanna seo a leanas leis an smaointeoireacht straitéiseach, leis an bpleanáil, an cinnteoireacht atá againn, agus lenár mbearta chomh maith

Prionsabail Treoracha

Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí

Seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil

Ag feidhmiú le hionracas gairmiúil

An rud ceart a dhéanamh

Déileáil le daoine le dínit agus le meas

A bheith cothrom, oscailte agus cuntasach

Luach ar airgead a chinntiú

Feidhmíonn sé de réir na gcaighdeán eiticíúil, gairmiúil, morálta agus dlí is airde.

Luachanna

Crógacht

Tiomantas

Dearfach

Ceannaireacht

Nuálaíocht

Cóbhách

Cad is brí lenár luachanna?

Luach	Crógacht	Tiomantas	Dearfacht	Ceannaireacht	Nuálaíocht	Cóbhách
Cad Is Brí Leis	Cuirimid tús áite do riachtanais ár bhfoghlaimoirí agus níl aon deacracht againn na cinntí crua a dhéanamh atá de dhíth chun an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar.	Tá fíis agus cuspóir soiléir againn a bhfuilimid go hiomlán rannpháirteach iontu agus a bhfuil rún daingean againn iad a sheachadadh.	Táimid dóchasach agus muiníneach faoi na deiseanna agus na dúshlán atá againn agus creidimid gur féidir linn tionchar follasach dearfach a bheith againn ar shaol na ndaoine a bhfreastalaímid orthu.	Táimid ag súil go mbeidh ár mbaill ina gceannairí – go mbeidh fíis shoiléir acu, go rachaidís i mbun tionscnaimh, agus foghlaimoirí agus comhghleacaithe á spreagadh acu trína ndea-shampla.	Táimid dírithe ar an fheabhsú leanúnach agus ar thús cadhnaíochta maidir le hathrú agus nuálaíocht san oideachas agus san oiliúint.	Glacaimid le cur chuige uileghabhálach measúil dár bhfoghlaimoirí agus dár bhfoireann agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go sroicheadh gach duine a úsáideann ár seirbhísí a (h) acmhainn.
Bíimid ag súil lenár bPearsanra	<ul style="list-style-type: none"> An cinneadh stuama a dhéanamh i gcónaí Na teorainneacha a shárú chun an toradh is fearr a bhaint amach A bheith diongbháilte agus feabhsuithe a bheith á n-iarraidh d'fhoghlaimoirí Tacú le cinntí maithe agus droch-chinntí a athrú 	<ul style="list-style-type: none"> Go mbeadh siad ag obair go dian Iarracht ar leith a dhéanamh Tús áite a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimoirí A bheith dícheallach A bheith dílis don eagraíocht Tacú lena gcomhghleacaithe Oibriú mar chuid den fhoireann 	<ul style="list-style-type: none"> A bheith dóchasach Freagra a thabhairt go dearfach A bheith réamh-ghníomhach A bheith ar tóir deiseanna agus a bheith in ann iad a thapú A bheith fáilteach roimh an athrú Déileáil le saincheist-eanna go pras 	<ul style="list-style-type: none"> Fíis a bheith acu Aghaidh a thabhairt ar an dúshlán Idirchumarsáid a dhéanamh A bheith spreagúil Daoine eile a spreagadh A bheith uailmhiánach Cur leis an iontaofacht An fhírinne a insint A bheith mar eiseamláir 	<ul style="list-style-type: none"> Triail a bhaint as bealaí cur chuige nua A bheith cruthaitheach An t-athrú a chur ar aghaidh A bheith solúbtha Iarracht a dhéanamh feabhsú Réitigh ar fhadhbanna a aimsiú Tacú le smaointe nua 	<ul style="list-style-type: none"> Dul i dteagmháil le foghlaimoirí agus le comhghleacaithe A bheith dáiríre A bheith tuisceanach A bheith báúil Aitheantas a thabhairt don dian-iarracht An chuimsitheacht agus an éagsúlacht a spreagadh A bheith íogair A bheith ag faire amach dá gcomhghleacaithe

	<ul style="list-style-type: none"> • A bheith toilteanach ár gcinntí a mhíniú • Cuir go tréan ar son na luachanna agus na creidiúintí atá againn • Abhcóideacht a dhéanamh ar son foghlaimoirí agus pobal 	<ul style="list-style-type: none"> • A bheith cuidiúil • Eitic oibre láidir a bheith acu • A bheith dírithe ar thorthaí a bheith bainte amach 	<ul style="list-style-type: none"> • Tacú chun fadhbanna a réiteach 	<ul style="list-style-type: none"> • A bheith dírithe ar thorthaí • An nuálaíocht a chur ar aghaidh • Tionchar a imirt • An Comhoibriú • Léiriú an t-ionracas 	<ul style="list-style-type: none"> • Cuir leis an athrú go gníomhach 	<ul style="list-style-type: none"> • Go n-éistfidís • Go gcaithfidís go maith le daoine eile • An t-aiseolas a iarraidh • Tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu
--	--	--	--	--	---	---

Forálacha Forfheidhmithe agus Monatóireachta

Is í sprioc an Phlean Seirbhíse seo ná chun tacú le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 – 2021. Cé go bhfuil ár dtosaíochtaí agus ár n-aidhmeanna thar thréimhse 5 bliana leagtha amach sa Ráiteas Straitéise, tá sé tábhachtach go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun tacú lena seachadadh.

Le linn an Phlean Seirbhíse a bheith forbartha, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí agus Príomhoidí Sinsearacha ar fud gach réimse soláthair chun cinntiú go bhfuil na bearta atá beartaithe le bheith déanta le linn thimthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus do na haidhmeanna foriomlána atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise Corparáidí.

Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin go bhfuil na torthaí atá leagtha amach do 2019 indéanta freisin agus go bhfuil na Bainisteoirí Sinsearacha agus na bPríomhoidí freagrach as na torthaí ina réimsí soláthair seirbhíse féin.

Chun tacaíocht leis go mbainfear amach na torthaí atá sainaitheanta, tá Ceannasaithe agus Urraitheoirí Tionscadail sainaitheanta i ngach réimse soláthair agus rangáítear de réir gráid iad sa phlean.

Ag seo, sainmhíniú ar ról na gCeannasaithe Tionscadal agus na nUrraithe Tionscadal sainmhínithe;

Ceannasaí Tionscadail:

Bíonn an Ceannasaí freagrach as forfheidhmiú an bhirt a stiúradh trí dhul i mbun oibre le comhghleacaithe Bainistíochta agus le comhghleacaithe eile mar is cuí chun an toradh atá beartaithe a bhaint amach.

Urraitheoir:


Chun tacaíocht a thabhairt don Cheannasaí trí theagmháil a dhéanamh leis go rialta chun a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn ar an mbóthar ceart agus chun cabhrú le réitigh a aimsiú ar shaincheisteanna atá fós le réiteach Anuas air sin, cuidíonn an t-urraitheoir lena chinntiú go mbainfear amach na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo agus an beart críochnaithe.

Chomh maith leis na míreanna thuasluaite, tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm freisin chun cúnamh agus / nó acmhainní a sholáthar nuair is gá chun a chinntiú go mbaintear amach torthaí;

- Grúpa Feidhmiúcháin
- Grúpa Bainistíochta Sinsearaí
- Grúpa Stiúrtha FET
- Grúpa na bPríomhoidí

Tagann na grúpaí seo le chéile go rialta agus cuireann siad tacaíocht trasearnála / láithreáin ar fáil do na ceannairí tionscadail agus do na hurraitheoirí trína chinntiú go bhfuil próiseas cumarsáide iltoiseach i bhfeidhm chun tacú leis an soláthar agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Chomh maith leis sin, mar chuid den tacaíocht seo, cuirfear grúpaí oibre tras-seirbhíse i mbun nuair is cuí, nuair a bhíonn gá ann leo ag bearta áirithe atá measta le bheith de dhíth m.sh. grúpa oibre inlín, Straitéis TEL.

Sreabhadh Oibre an Timthriall Pleanála



Tá sé tábhachtach do BOO Chorcaí go mbaintear úsáid as an bpróiseas thuas chun an trédhearcacht agus soiléireacht an chuspóra a chinntiú agus leanfar linn a bheith dírithe ar a bheith ag obair go gníomhach chun an méid atá beartaithe againn le bheith bainte amach a sheachadadh thar shaolré an Ráitis Straitéise.

5. Ár dTéamaí Straitéiseacha, ár dTosaíochtaí agus ár mBearta

Téamaí Straitéiseacha

Tá ceithre bhuncholún inár Ráiteas Straitéise.

- 1) Ár bhFoghlaimoirí
- 2) Ár bPearsanra
- 3) Ár Seirbhísí
- 4) Ár nEagraíocht

Tá tosaíochtaí agus bearta faoi gach aon cholún le bheith curtha i bhfeidhm le linn shaolré an Ráitis. Chun déanamh cinnte de go bhfuil an cur chuige comhsheasmhach agus go nglactar leis an trédhearcacht, tá an Plean Seirbhíse ailínithe leis na tosaíochtaí agus na bearta mar atá leagtha amach sa ráiteas as a dtagann na pleananna feidhmiúcháin agus forbartha áitiúla ina dhiaidh agus a dtuairiscítear a dtorthaí i dTuarascáil Bhliantúil. Mar gheall ar an gcur chuige seo, déantar cinnte de chomh maith go mbainfear amach spriocanna an Ráitis go huile is go hiomlán faoi dheireadh 2021.

1) Ár bhFoghlaimoírí

Is é an aidhm atá againn ná eispéireas foghlama ardchaighdeán a sholáthar do gach aon foghlaimoír.

Agus taithí ardcháilíochta á cur ar fáil do gach foghlaimoír, tugadh aird ar an gcomhthéacs náisiúnta ina bhfuilimid ag feidhmiú chomh maith le pleananna straitéiseacha na bpáirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe ar na pleananna de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus SOLAS.

Aithníonn BOO Chorcaí go mbraitheann caighdeán an eispéiris a chuirtear ar fáil do gach aon foghlaimoír ar chaighdeán na gcaidreamh ag an bpointe seachadta don foghlaimoír. Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama inár scoileanna, inár gcoláistí agus inár n-ionaid oideachais agus oiliúna mar bhunchloch leis seo. Braitheann sé freisin ar ár gcumas tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm, cláir foghlama chuí a sholáthar agus teicneolaíocht a fhorbairt mar uirlis foghlama.

Is mór ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go bhfuil sé tiomanta do chonair a sholáthar do gach aon foghlaimoír tríd a bheith ag comhoibriú le foghlaimoírí, le pobail, le fostóirí agus le gnóthaí áitiúla chun deiseanna foghlama nuálaíocha agus cruthaitheacha a sholáthar.

Tosaíochtaí	Bearta	Urraitheoir	Ceannasaí	Torthaí réamh-mheasta do 2019 (maidir le seirbhísí ar liosta na bliana acadúla 2018/2019)
<p>1.1 Chun éispearas dearfach agus iomlánaí, atá dírithe ar an fhoghlaim a chur ar fáil do na foghlaimoírí uile</p>	<p>→ Oibreimid chun forbairt phearsanta ár bhfoghlaimoírí uile a chur chun cinn agus a chothú chun cur lena bhfolláine mar bhaill dár bpobail foghlama</p>	<p>Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna</p>	<p>Múinteoirí Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna</p>	<p>Leanann obair ar aghaidh le Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm de réir threoirlínte ROS</p> <p>Leanfar ar aghaidh ag forbairt deiseanna chun dea-chleachtas a roinnt idir ár scoileanna</p> <p>Cuirfimid comhphárteanna foghlama ginearálta na ndámhachtainí QQI i bhfeidhm go hiomlán laistigh de struchtúr na gClár FE m.sh. WE, Éifeachtacht Phearsanta, an chumarsáid</p> <p>Spreagfar an rannpháirtíocht ghníomhach san fhéile foghlama fad saoil agus in imeachtaí pobail STEM ionas go nglacfaidh</p>

		AEOanna	<p>Comhordaith-eoirí Ógtheagmhála, ALOanna, Comhordaith-eoir Gairm-threorach</p>	<p>foghlaimoirí de gach leibhéal cumais agus de gach aois a páirt iontu</p> <p>Leanfaimid orainn ag soláthar teagaisc atá dírithe ar an bhfoghlaimoir i dtimpeallacht foghlama atá cairdiúil, tacúil agus solúbtha, áit ar féidir le foghlaimoirí a gcuid riachtanas agus spéiseanna a iniúchadh agus a spriocanna foghlama féin a leagan síos.</p> <p>Déanfaimid caighdeánú ar theimpléid phlean foghlama aonair d'fhoghlaimoirí a chuimsíonn scileanna saoil, deimhniú acadúil agus ullmhúchán le gairm.</p> <p>Cuirfimid oiliúint ar fáil don fhoireann ábhartha maidir leis na cleachtais oibre lárnacha chun tacú le forbairt pleananna foghlama aonair don fhoghlaimoir de réir na dTreoirínte Oibriúcháin Ógtheagmhála.</p> <p>Tabharfar faoi athbhreithniú ar an deachleachtas reatha sa réimse seo chun riachtanais oiliúna a aithint agus chun na tacaíochtaí cuí don fhoireann a phleanáil.</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt cláir nua i gcomhairle le Grúpaí Pobail agus le heagraíochtaí i gceantair thuaithe.</p> <p>Leanúint ar aghaidh lenár gcláir Ealaíon do Shláinte do dhaoine aosta. Críochnófar meastóireacht ar chlár AFH in WC in 2019. (Is clár comhpháirtíochta é an AFH i gcomhar le BOOC, an FSS, Oifig Ealaíon CCC agus Uilinn)</p> <p>Leanfaimid orainn ag nascadh agus ag forbairt naisc don tseirbhís chun cúrsaí nua</p>
--	--	----------------	---	---

				<p>agus roghanna forchéimnithe a aithint d'fhoghlaimoirí</p> <p>Cuirfidh Comhairleoirí Treorach struchtúir i mbun chun na ceanglais bhreise a chomhlíonadh chun tacú leis an lucht iarrtha tearmainn a bhaineann leis an Treoir um Sholáthar Rochtana ar an Margadh Saothair / Imeachtaí Imeasctha</p>
	→ Rachaimid i ngleic go gníomhach leis an gclár athchóirithe reatha mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta ROS 2016-2019, a fhéachann le scileanna agus eolas criticiúil gach foghlaimoira a chothú agus a fhorbairt	Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna	Príomhoide	Tá an t-athbhreithniú ag leanúint ar aghaidh agus tá Scoileanna de chuid BOO Chorcaí tiomanta don rannpháirtíocht i dtionscnaimh ROS chun cláir a athchóiriú de réir tionscnaimh ROS
	→ Rachaimid i dteagmháil go gníomhach le SOLAS agus le comhpháirtithe eile, chun na tosaíochtaí straitéiseacha mar atá siad sa Bhreisoideachas agus i Straitéis 2014-2019 a chur i bhfeidhm chun scileanna, eolas agus inniúlachtaí ár bhfoghlaimoirí a fhorbairt.	Stiúrthóir FET	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna	<p>Cuirfear pleananna le haghaidh na n-ionad i bhfeidhm de réir mholtaí an QA chun aghaidh a thabhairt ar chaighdeán na seirbhíse agus ar thorthaí a bheith bainte amach</p> <p>Cuirfear an comhlíonadh iomlán le polasaithe agus nósanna imeachta QA an QQI i gcrích</p> <p>Déanfar teagmháil ghníomhach le hionadaithe SOLAS maidir le spriocanna agus treo soláthair FET amach anseo</p>
	→ Cuirfimid treoirínte agus polasaithe ROS agus SOLAS i bhfeidhm maidir leis an teagasc agus an fhoghlaim ar gach leibhéal chun cultúr den fhoghlaim fad saoil a spreagadh agus a chothú dár bhfoghlaimoirí.	Stiúrthóirí	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna	Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le seirbhísí agus le hionaid chun cultúr foghlama saoil a chothú do na foghlaimoirí
	→ Oibreoidimid go gníomhach chun torthaí a fheabhsú i measúinuithe foirmeálta scoile agus i scrúduithe stáit tríd an dea-fhoghlaim agus an teagasc a chur chun cinn	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna	FBS na Scoile	Leanfaidh BOO Chorcaí ag déanamh athbhreithniú ar thorthaí na hArdeistiméireachta sna hábhair uile i ngach scoil chun réimsí / ábhair shonracha a shainaithint agus chun idirghabhálacha a

				<p>dhíriú ar fheidhmíocht sa Ardteistiméireacht a fheabhsú.</p> <p>Leanfaimid orainn ag aithint réimsí / ábhair láidre i scoileanna aonair. Sainaitneofar straitéisí / modhanna teagaisc sainiúla a úsáideann na rannáin ábhair seo agus déanfar iarracht an dea-chleachtas seo a roinnt</p>
	<p>→ Déanfaimid iarracht ár bhfoghlaimoirí a fhostú go gníomhach maidir leis an tslí agus an t-ábhar a fhoghlaimíonn siad tríd an fhoireann a spreagadh chun an aiseolas ó na mic léinn a úsáid mar chuid lárnach;</p> <p>a) dár bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile agus b) de na nósanna imeachta agus na próisis mheasúnaithe laistigh de na Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna</p>	<p>Stiúrthóir Scoileanna, FET</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna</p>	<p>Déanfaidh BOO Chorcaí iniúchadh ar fhorbairt phiara fhoghlama scoilbhunaithe tríd an rannpháirtíocht dheonach agus trí chruinnithe líonra / braisle</p> <p>Cuirfear i bhfeidhm nós imeachta fhoirmiúil aiseolais do na foghlaimoirí go léir chun ceadú iomlánaíoch a bhaint amach dá rannpháirtíocht agus dá bhfeidhmíocht san FET</p> <p>Déanfaimid idirchaidreamh le heagraíochtaí tacaíochta seachtracha chun tacú go hiomlán leis na mic léinn i ndáil leis an taithí fhoghlama</p> <p>Déanfar aiseolas na mac léinn don phróiseas CEIP a chomhordú agus a fhreagairt. Tacófar leis seo le príomhphleananna oibre agus pleananna foghlama aonair d'fhoghlaimoirí</p> <p>Éascófar Lá Mac Léinn chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn agus príomhcheisteanna a shaináithint agus aiseolas a bhailiú ar nósanna imeachta agus ar phróisis mheasúnaithe</p>

<p>→ Beidh sé mar aidhm againn scileanna saoil a sholáthar dár bhfoghlaimoirí chun freastal ar a gcuid riachtanas mar fhoghlaimoirí gníomhacha agus mar shaoránaigh tríd an rannpháirtíocht ar Bhoird, i gCoistí agus i ngrúpaí ionadaíocha éagsúla de chuid BOO a spreagadh</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna</p>	<p>Comhordait heoirí, ALOanna</p>	<p>Ag teacht leis an QA tá an deis ag mic léinn meastóireacht a dhéanamh ar a gcláir agus aiseolas a thabhairt ag úsáid meicníochtaí cúí</p>
<p>→ Spreagfaimid ár bhfoghlaimoirí chun páirt a ghlacadh ar bhoird, i gcoistí agus i ngrúpaí ionadaíocha éagsúla de chuid BOO</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna</p>	<p>2017 - 2021</p>	<p>Déanfaimid ionadaíocht mac léinn ar an BOM agus ar Chomhairle na Mac Léinn a spreagadh agus a chinntiú go gníomhach, nuair is cúí agus nuair a bhíonn foráil déanta dó</p> <p>Tacóimid le hionadaíocht na bhfoghlaimoirí ar bhord BOOC</p>
<p>→ Leathnóimid seirbhísí tacaíochta dírí agus indírí thar shaolré an phlean straitéisigh chun tacú lenár bhfoghlaimoirí</p>	<p>Stiúrthóir FET</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna</p>	<p>Forbróimid ár seirbhísí tacaíochta foghlaimora in FET agus cuirimid chun cinn glacadh an chur chuige agus an líonra um chuimsiú gníomhach le gach Seirbhís FET</p>
<p>→ Cuirfimid feabhas ar an taithí foghlama agus ar na torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí a bhfuil míbhuntáiste ag dul i gcion orthu ag gach céim dá dturas foghlama, de réir thosaíochtaí ROS agus SOLAS,</p>	<p>AEOanna</p>	<p>Comhordait heoirí Ógtheagmhála</p>	<p>Cinnteoimid go gcuimseoidh an clár scileanna oibre ciallmhar modúil Chreidiúnaithe QQI chomh maith le hoiliúint oiriúnaithe aonair agus socrúchán oibre</p> <p>Forbróimid boinn sonraí na bhfostóirí ar bhonn Ionad aonair agus ar fud Chlár Ógtheagmhála</p> <p>Measúnú a dhéanamh ar mhic léinn na bliana deiridh i gcumas scileanna, i bpróifíl gairme agus i dtástáil shíciméadrach thar gach Ionad Ógtheagmhála in 2019.</p>
<p>→ Díreoimid ar thacaíochtaí dár bhfoghlaimoirí go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus leochaileachtaí eile, chun tacú lena</p>	<p>Stiúrthóir FET</p>	<p>AEOanna, Comhordait heoirí</p>	<p>Oibreoidh Ionaid Ógtheagmhála agus CTCanna le coláistí Iar-Ardteistiméireachta chun an scéim Rochtana reatha a fhorbairt tuilleadh chun tacú le mic léinn atá ag dul ar</p>

	rannpháirtíocht agus lena ndul chun cinn laistigh den oideachas agus den oiliúint		Ógtheagmhála	<p>aghaidh chuig PLC. Tacóidh sé seo linn chun sprioc 2 de Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí an BOOC le SOLAS a bhaint amach.</p> <p>Beidh an fhoireann ag traenáil chun measúnú a dhéanamh ar stíl foghlama aonair foghlaimeoirí agus ag ullmhú pacáistí tacaíochta mac léinn ionas gur féidir an teagasc a oiriúnú go cuí</p> <p>Forbair pacáiste Próifíl Phearsanta do mhic léinn a fhágann an clár chun gach tástáil, CV agus Cálíocht seach-churaclaim a fhaightear le linn an chláir a chur san áireamh</p>
	→ Aithneoidimid agus forbróimid tacaíochtaí agus deiseanna cuí dár bhfoghlaimeoirí a aithníodh mar dhaoine a bhfuil cumas iontach acu	Stiúrthóir Scoileanna, FET		Aithneoidimid deiseanna féideartha chun foghlaimeoirí thar a bheith cumasach a aithint
1.2 Teagasc, oiliúint agus foghlaim den scoth a sholáthar do chách	→ Díreoidimid ar theagasc agus ar fhoghlaim ardchaighdeán a fhorbairt mar bheart lárnach BOO Chorcaí	Stiúrthóir FET, AEOanna	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, ALOanna	<p>Méadú ar líon na gclár creidiúnaithe atá ar fáil ón tseirbhís litearthachta.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag forbairt cláir nua foghlama teaghlaigh éagsúla agus béim ar leith ar cheantair ard-dífhostaíochta (mar atá aitheanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh).</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh ag líonrú le DEASP agus le páirtithe leasmhara eile (go himheánach agus ar bhonn idirghníomhaireachta araon) maidir le riachtanais áitiúla agus bealaí dul chun cinn.</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an gcomhlíonadh QA agus ag soláthar tacaíochta breise QQI QA in 2019.</p>

				<p>Oiliúint don todhchaí + pleanáilte do theagascóirí Taithí Oibre.</p> <p>Oiliúint eile aitheanta chun cabhrú le teagascóirí / múinteoirí feabhas a chur ar thacaíochtaí don fhoghlaim sa seomra ranga.</p> <p>Leanfaimid ag glacadh páirte iomláine le clár náisiúnta FLG</p>
	→ Cuirfimid úsáid samhail na féinmheastóireachta scoile chun cinn mar mhodh feabhsúcháin scoile / coláiste	Stiúrthóir FET	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna	<p>Leanfaimid ar aghaidh le monatóireacht QA ar chomhlíonadh le caighdeán QQI chun seachadadh a athbhreithniú, a fheabhsú agus tacú leis</p> <p>Leanfaimid orainn ag aithint agus ag forbairt bealaí dul chun cinn chun foghlaimoirí a choinneáil agus / nó tacú leo chun fanacht laistigh den phobal FET</p>
	→ Déanfaimid moltaí a rinneadh i Mór Thuairisc/WSE-MLL agus i dtuairiscí Cigireachta Scoile a chur chun cinn, a athbhreithniú agus, nuair is cuí, a chur i bhfeidh	Stiúrthóir Scoileanna, FET	Príomhoide, AEOanna, Comhordaitheoirí Ógtheagmhála	<p>Leanfaidh scoileanna orthu ag tuairisciú agus ag cur i bhfeidhm moltaí Tuarascálacha Cigireachta Scoile, Mór Thuairisc agus WSE-MLL le Bord BOOC</p> <p>Mar fhreagra ar thuairiscí cigireachta scoile cuirfidh scoileanna clár athbhreithnithe foirmiúil i bhfeidhm atá dírithe ar mholtaí foirmiúla cigireachtaí scoile a bheith curtha i bhfeidhm</p> <p>Mar fhreagra ar aiseolas i dTuarascáil Meastóireachta Uile-Ionaid, cuirfimid oiliúint ar fáil sa teagasc gníomhach agus san fhoghlaim ghníomhach, ag comhtháthú na litearthachta agus na pleanála traschuraclaim</p>

				<p>Cuirfimid oiliúint ar fáil maidir leis an obair lárnach don fhoireann ábhartha chun tacú leis an fhorbairt pleananna foghlama aonair don fhoghlaimeoir</p> <p>Tacú le baill foirne i gcur i bhfeidhm na measúnuithe litearthachta agus uimhearthachta chun an teagasc a threorú</p> <p>A chinntiú go gcuirtear oiliúint ar na baill foirne oiriúnacha go gcuirfead curaclam OSPS ar fáil, lena n-áirítear ranganna OCG.</p>
	<p>→ Trí phróisis athbheithnithe inmheánacha agus seachtracha araon ar forbraíodh iad mar chuid dár gcóras comhtháite um Dhearbhú Cáilíochta don FET, agus de réir cheanglais an QQI, déanfaimid an dea-chleachtas agus réimsí ar cheart iad a feabhsú a aithint agus tabharfaimid tacaíocht do gach ionad chun pleananna feabhsúcháin agus forbartha spriocdhírthe a chur i bhfeidhm</p>	<p>Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna</p>	<p>2017 - 2021</p>	
	<p>→ Bainfimid úsáid as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an dea-chleachtas a aithint agus cuirfimid an dea-chleachtas sin i bhfeidhm chun pobail láidre foghlama a chur i gcrích, agus glacfaimid páirt i dtionscadail agus i dtionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cur go dearfach le pobail dá leithéid</p>	<p>Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna</p>	<p>Príomhoidí PP</p>	<p>Cuirfimid tiomantas FLG i bhfeidhm maidir le scileanna teicniúla agus ginearálta don fhoireann teagaisc</p> <p>Beidh béim leagtha air in 2019 go rachfar i mbun tuilleadh teagmhála le tionscadal áitiúil amháin, le tionscadal taighde náisiúnta amháin agus le tionscadal taighde idirnáisiúnta amháin m.sh. Clár Ceannaireachta Teagaisc Tionscadal Taighde Erasmus Guth na Mac Léinn NCCA</p>

			<p>Príomhoidí CNS</p> <p>Príomhoidí FET</p>	<p>Cuirfimid faoi an tSamhail Scoile Pobail a chur chun cinn mar sholáthraí oideachais chun pobail foghlama láidre ilchreidmheacha a thógáil</p> <p>Glacfaimid páirt ghníomhach i bhforbairt clár socrúcháin Múinteoirí FET</p> <p>An comhoibriú foirne agus an chomhroinnt den saineolas ar an gcleachtas trí ghrúpaí comhairleacha QA</p>
	<p>→ Aithneoidimid agus cuirfimid chun cinn go gníomhach an raon conairí foghlama atá ar fáil do gach foghlaiméoir ar mian leis leas a bhaint as ár seirbhísí</p>	<p>Stiúrthóir FET, Scoileanna</p>	<p>Príomhoide, AEOanna, Comhordaitheoirí Ógtheagmhála, ALOanna</p>	<p>Leanfaimid orainn bealaí cuí a chur ar fáil dár bhfoghlaiméoirí chun leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn a athbhreithniú, a aithint agus a chur chun cinn i rith 2019 i.e. cláir phrintíseachta, cúrsaí FET</p> <p>Leanfaimid ag forbairt na gcaidreamh atá ann cheana idir ár gColáistí Iarbhunscóile agus Breisoideachais agus Oiliúna chun tacú le bealaí chun dul chun cinn</p> <p>Cinnteoimid go gcuimseoidh Pleananna Ceantair FET bealaí dul chun cinn díreach chuig Coláistí FET agus Soláthar Oiliúna</p> <p>Leanann an tseirbhís litearthachta ag cur ár gcláir chun cinn trí réimse leathan foinsí m.sh. grúpaí pobail, HSCL, RFACS / NALA</p> <p>Treoir do dhaoine fásta curtha ar fáil do gach uile fhoghlaiméoir</p>
<p>1.3 Timpeallachtaí dearfacha foghlama le hacmhainní oiriúnacha</p>	<p>→ Leanfaimid ag aithint feabhsuithe ar fhoirgnimh agus ar shaoráidí BOO Chorcaí agus déanfaimid iad a fhorbairt de réir riachtanais foghlaiméora agus cláir agus an maoiniú riachtanach á lorg agus á chur ar fáil againn</p>	<p>Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna, OSD</p>	<p>Príomhoidí / APO Caipitil</p>	<p>Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair le Príomhoidí scoile agus le Boird Bhainistíochta chun riachtanais dheisiúcháin agus athchóirithe láithreach i scoileanna a aithint agus a chur chun cinn.</p>

				<p>An maoiniú riachtanach a lorg do na feabhsuithe seo trí SOLAS agus ROS agus leanúint ar aghaidh ag fiosrú an bhféadfaí rochtain a fháil ar shruthanna nua maoinithe chun oibreacha sonracha a sholáthar m.sh. Hallaí Corpoideachais</p> <p>Leanfaimid ag obair i gcomhar le Príomhoidí scoile agus Boird Bhainistíochta chun measúnú agus pleanáil a dhéanamh ar riachtanais dheisiúcháin agus athchóirithe na bhfoirgneamh scoile sa todhchaí agus cuirfimid cur chuige ilbhliantúil i bhfeidhm le haghaidh na hoibre sin</p>
	→ Déanfaimid idirchaidreamh agus idirbheartaíocht go réamhghníomhach le ROS agus SOLAS chun iarracht a dhéanamh go mbeidh na hacmhainní riachtanacha go léir, idir acmhainní buiséid agus acmhainní foirne, ar fáil do BOO Chorcaí	Stiúrthóirí		Leanaimid ag idirbheartú le ROS agus le SOLAS lena chinntiú go ndéantar na hacmhainní go léir atá ar fáil a iniúchadh agus a uasmhéadú
1.4 Tiomantas d'fhoghlaim atá feabhsaithe ó thaobh na teicneolaíochta de chun tacú leis an fhoghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch	→ Leanfaimid ag déanamh athbhreithniú agus infheistiú inár mbonneagar TFC	Stiúrthóirí, Bainisteoir TFC		Táimid ag leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag infheistiú de réir mar is cuí
	→ Forbróimid straitéisí sonracha chun cur le cumas ár scoileanna agus ár gcoláistí chun an TFC a úsáid mar uirlis teagaisc agus foghlama	Stiúrthóir FET, Stiúrthóir OSD	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna, APO TFCanna	<p>Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe ar an mBonneagar TFC agus dá uasghrádú ar aon dul le míreanna bearta Straitéis TEL</p> <p>Oiliúint agus tacaíocht a sholáthar ar theicneolaíochtaí cúnta atá ar fáil d'fhoghlaimoirí.</p> <p>Clár píolótach a chur i bhfeidhm ag úsáid Moodle in Ionad Ógtheagmhála.</p> <p>Traenáil TFC a sholáthar don fhoireann chun tacú le húsáid TEL.</p>

	<p>→ Forbróimid feidhmiú Phlean Straitéiseach TFC dár n-ionaid uile agus cuirfear tús leis. Cuirfear Straitéisí TFC Náisiúnta um an Oideachas agus an Oiliúint san áireamh leis seo, lena n-áirítear an straitéis Foghlama Teicneolaíochta Feabhsaithe le haghaidh an Bhreisoideachais agus an Oiliúna</p>	<p>Stiúrthóirí,</p>	<p>APO TFC</p>	<p>Déanfaimid Straitéis TFC a thabhairt chun críche agus a ghlacadh</p> <p>Déanfaimid, i gcomhar le Scoileanna / Coláistí agus soláthraithe seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, athbhreithniú agus athleasú ar phleananna r-Fhoghlama agus ar Straitéisí Digiteacha</p> <p>Déanfaimid an maoiniú atá fágtha ón Deontas TFC a ailíniú le tionchair teicneolaíochta inbhuanaithe teagaisc agus foghlama, i gcomhar le Scoileanna / Coláistí agus soláthraithe seirbhísí breisoideachais agus oiliúna</p>
	<p>→ Déanfaimid iniúchadh agus forbairt bhreise ar dheiseanna a d'fhéadfaí a chur i gcrích mar gheall ar thairbhe a bheith bainte as áiseanna TFC a úsáid, maidir le conas deiseanna oideachais inrochtana a sholáthar do ghrúpaí / chatagóirí daoine atá iargúlta agus deacair teacht orthu</p>	<p>Stiúrthóirí, Bainisteoir TF</p>	<p>2017 - 2021</p>	

2) Ár bPearsanra

Is é an aidhm atá againn ná gairmithe ardchaighdeáin a earcú, a fhostú agus a fhorbairt ar fud ár seirbhísí go léir.

Is eagraíocht í BOO Chorcaí ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht agus an dúshlán. Tá ár bhfoghlaimoirí agus ár bhfoireann curtha i gcroílár na heagraíochta. Is í an tosaíocht is mó atá againn ná ár riachtanais a chomhlíonadh. Ní féidir cultúr na heagraíochta, mar atá inár bprionsabail agus inár luachanna treorach, a chur i gcrích gan rannpháirtíocht agus tiomantas ár bhfoirne reatha agus gan cumas a bheith againn daoine cumasacha a earcú.

Tá raon leathan de róil san eagraíocht mar gheall ar éagsúlacht an tsoláthair seirbhíse atá i gceist. Fágann sé sin go bhfuil tionscnaimh spriocdhírthe i réimsí na hearcaíochta, na forbartha foirne agus timpeallachtaí dearfacha san ionad oibre chun a chinntiú go gcoinnítear foireann den scoth san eagraíocht, agus go leantar le scileanna na foirne a fhorbairt agus ceannairí an-éifeachtach a fhorbairt ag an am céanna.

Aithnímid nach féidir BOO Chorcaí a bheith mar sholáthraí rogha d'fhoghlaimoirí i gCorcaigh ach amháin tríd an rannpháirtíocht dhearfach le baill foirne a bhfuil creidiúint acu i bprionsabail agus luachanna na heagraíochta.

Tosaíochtaí	Bearta	Urraitheoir	Ceannasaí	Torthaí réamh-mheasta do 2019 (maidir le seirbhísí ar liosta na bliana acadúla 2018/2019)
2.1 Na daoine is fearr a mhealladh agus a earcú don eagraíocht	→ Aithneoimid, tríd an phleanáil ghníomhach a dhéanamh, na róil a theastaíonn laistigh den eagraíocht agus déanfaimid feachtais earcaíochta spriocdhírthe a fhorbairt, agus béim ar leith curtha ar róil ina bhfuil easnamh den soláthar scileanna aitheanta	Stiúrthóirí, Príomhoidí	AD APO	Leanfaimid ar aghaidh ag freastal ar Aonaid Gairmeacha Teagaisc agus ag forbairt caidrimh le seirbhís gairmeacha ollscoile éagsúla chun cur leis an fhaisnéis a dtugtar do mhic léinn M.Ed.
	→ Rachaimid i ngleic go réamhghníomhach le ROS, le SOLAS agus le soláthraithe ardoideachais, chun freagairtí cuí a aithint agus a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh den soláthar scileanna i róil áirithe a fhógraímid	Stiúrthóirí, Príomhoidí, Bainisteoir AD	2017 - 2021	

	<p>→ Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe agus forbartha ar ár bpróisis agus ar na cleachtais earcaíochta atá againn chun a chinntiú go bhfuil siad solúbtha agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na heagraíochta</p>	Stiúrthóir OSD	AD APO	<p>Déanfaimid an t-ionchur agus an tástáil ar shonraí aistriúcháin a chríochnú d'fhonn é a chur i bhfeidhm in 2019</p> <p>Cuirfimid bailchríoch ar ionchur agus tástáil an chórais iarratais ar fholúntais poist atá le bheith críochnaithe i gcomhar le soláthraí bogearraí.</p>
	<p>→ Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár gcórais chumhdaigh gearrhéarmacha foirne chun a chinntiú go mbeidh na daoine cearta ar fáil nuair is gá chun ár seirbhísí a sheachadadh go leanúnach</p>	Stiúrthóirí	AD APO	<p>Cuirfimid SOPS i gcrích chun múinteoirí bun scoile a earcú chun tacú le Scoil Náisiúnta an Phobail agus iad ag earcú baill foirne</p> <p>Anailís bhreise le cur i gcrích chun bunfhoinsí iarratais mhúinteoirí a bhunú agus an líon iarrthóirí a fheabhsú</p>
2.2 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	<p>→ Cothóimid cultúr forbartha gairmiúla agus tacaíochta don fhoireann ar fad trí sholáthar foghlama spriocdhírthe cuí a chur ar fáil chun a gcuid eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt.</p>	Stiúrthóirí, AD APO	Príomhoidí, APOanna, Bainisteoirí FET, AEOanna, ALOanna, Comhordaitheoirí Treorach	<p>Cuir leis na Fóraim Leas-Phríomhoidí BOOC nuabhunaithe ar fud na mbun scoileanna, iar-bhunscoileanna agus coláistí breisoideachais agus oiliúna</p> <p>Leanfar leis an obair i gcomhar le Fóraim Phríomhoidí, leis an Straitéis FET agus an grúpa QA chun tionscnaimh chúí foghlama agus forbartha a aithint</p> <p>Déanfaidh Príomhoidí Iar-Ardteistiméireachta an rannpháirtíocht i gcláir FGL QA BOO Chorcaí a bharrfheabhsú i gcomhar le FESS</p> <p>Leanfaimid orainn ag spreagadh na rannpháirtíochta i dtionscnaimh foghlama agus forbartha</p> <p>Leanfar leis an gcomhoibriú agus go roinnfear an dea-chleachtas trí úsáid a</p>

				<p>bhaint as grúpaí comhairleacha SharePoint agus QA BOOC don Earnáil FET</p> <p>Tuilleadh oiliúna QA d'ionaid aitheanta</p> <p>Tá BOOC ag déanamh iniúchadh ar shamplaí creidiúnaithe eile a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu d'fhonn oiliúint a chur ar theagascóirí.</p> <p>Cuirfidh cleachtóirí foghlama in Ógtheagmháil / PLC / Ionad Oiliúna Chorcaí modúl ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gComhtháthú na Litearthachta chun tacú le comhtháthú na litearthachta ina gcuid ranganna</p> <p>Tá aitheantas déanta go bhfuil clár meantóireachta ríthábhachtach maidir le hionduchtú daoine nuacheaptha ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí, liosta de na meantóirí atá le bunú in 2019</p> <p>Déanfaimid scrúdú acmhainneacht na n-uirlisí Ar Líne agus na n-uirlisí faisnéise agus cuirfimid oiliúint ar fáil don fhoireann i gcórais éagsúla.</p> <p>Leanfaimid ag soláthar FLG don fhoireann Treorach chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí speisialta agus deacrachtaí meabhairshláinte acu chun na roghanna atá acu chun dul ar aghaidh a chur chun cinn.</p>
	→ Déanfaimid ár bhfoireann a chur chun cinn agus a chumasú go gníomhach chun páirt a ghlacadh i gCláir FLG a sholáthraítear trí	Stiúrthóir Scoileanna, FET	Príomhoidí	Leanfaimid orainn ag spreagadh na foirne teagaisc go léir chun páirt iomlán a ghlacadh i gCláir Náisiúnta um an Fhorbairt Ghairmiúil, ar nós JCT, nuair is féidir

	Sheirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ROS			Cinnteoimid go mbeidh an fhoireann teagaisc i gColáistí breisoideachais agus oiliúna ar an eolas faoi dheiseanna ROS atá cuí agus oiriúnach
	→ Déanfaimid an Straitéis Náisiúnta FLG SOLAS a chur chun cinn go gníomhach agus glacfaimid páirt inti ionas go bhfeabhsófar na scileanna agus an saineolas atá ag ár mball foirne a chuireann FET ar fáil	Stiúrthóir FET	Príomhoidí FET, Bainisteoirí FET	Leanann WE ar aghaidh ag cur tionscnaimh Straitéis FLG SOLAS chun cinn agus ag glacadh páirte iontu
	→ Cothóimid cumas ceannaireachta trí thacú le baill foirne chun leas a bhaint as cláir foghlama, forbartha agus meantóireachta agus páirt a ghlacadh i róil cheannaireachta ina scoil / ionad agus ar fud BOO Chorcaí nuair is cuí	FP	Stiúrthóirí	Clár meantóireachta inmheánach BOOC a fhorbairt le haghaidh gach aon Phríomhoide, Leas-Phríomhoide agus duine nua de chuid na Foirne Sinsearaí chomh maith le liosta de na meantóirí a bunaíodh le linn 2019
	→ Samhail tacaíochta a fhorbairt, de réir na hacmhainní atá ar fáil, lena ligfear do na baill foirne a scaoileadh chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna FLG atá ábharach agus oiriúnach	Stiúrthóirí	Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna, Bainisteoirí	<p>Leanfaidh príomhoidí ar aghaidh ag iarraidh ceannairí ionchasacha a aithint agus a spreagadh chun leas a bhaint as na cláir náisiúnta inseirbhíse</p> <p>Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe ar shocruithe chun a chinntiú go bhfuil an tacaíocht ar fáil chun ligean don fhoireann scaoileadh le haghaidh deiseanna ábhartha FLG</p> <p>Déanfaimid an rannpháirtíocht mhúinteora a spreagadh agus a éascú i líonraí agus i gcumainn náisiúnta</p> <p>Déanfar clár do shocrúchán múinteoirí FET a leathnú amach</p>

				Leanfaimid orainn ag tacú leis an tinreamh ar imeachtaí de réir bheartas FLG BOOC.
	→ Cur ar chumas na foirne páirt a ghlacadh i gcomhlachtaí náisiúnta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscnamh beartais náisiúnta agus tacú lena rannpháirtíocht	Stiúrthóirí,	Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna	Leanfaimid orainn ag spreagadh agus ag éascú gach ball foirne ar mian leo dul i mbun tionscnamh forbartha gairmiúla laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
	→ Deiseanna a fhorbairt don fhoireann chun leas a bhaint as deiseanna socrúcháin oibre do bhaill foirne chun leas a bhaint as i suíomhanna Tionscail / gnó agus eile oiliúna / foghlama	Stiúrthóirí	Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna	Leanfaimid orainn agus déanfaimid iarracht deiseanna socrúcháin oibre a leathnú dár bhfoireann
2.3 Timpeallacht oibre dhearfach, ghairmiúil agus thacúil a sholáthar don fhoireann go léir	→ Déanfaimid cultúr a chur chun cinn agus a thacú ina mbeidh meas agus urraim frithpháirteach ar an duine aonair taobh thiar de na bearta uile agus an cinnteoireacht	Príomhoidí Stiúrthóirí, Bainisteoirí, AEOanna	2017 – 2021	
	→ Tacóimid lenár gCeannairí chun caidreamh dearfach foirne a chur chun cinn tríd an fhaisnéis, an oiliúint agus an chomhairle leanúnach a chur ar fáil maidir le príomhscileanna bainistíochta agus ceannaireachta	Stiúrthóirí	Príomhoide / Bainisteoir AD	Bunóimid féilire de chruinnithe agus de cheardlanna a bheidh ar siúl i rith na bliana Cuirfear socruithe tacaíochta i bhfeidhm do phoist AP1 agus AP2 Oibreoidimid chun sraith choiteann de theimpléid pholasaí a fhorbairt ar fud ghníomhaíochtaí an Choláiste i gColáistí breisoideachais agus oiliúna chun tacú le foireann bhainistíochta na gColáistí Déanfaimid an oiliúint a aimsiú agus a sholáthar maidir le conas an muinín cheannaireachta a fhorbairt

	<p>→ Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag gach aon bhall foirne ar Chlár Cúnaimh Fostaíochta</p>	<p>Stiúrthóir OSD</p>	<p>AD APO</p>	<p>Leanfaimid orainn ag cur na seirbhíse chun cinn, go háirithe chun feasacht a ardú i measc na foirne neamhtheagaisc</p> <p>Déanfaimid iniúchadh leis an soláthraí ar na roghanna atá ar fáil faoin tseirbhís comhairle bainistíochta agus déanfaimid iad a chur chun cinn de réir mar is gá.</p>
	<p>→ Forbróimid córas inlín don fhoireann go léir chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach ball foirne ar fhaisnéis</p>	<p>Stiúrthóir an OSD, Bainisteoir TFC</p>	<p>APOanna, Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna</p>	<p>Déanfaimid an struchtúr agus an t-ábhar a thabhairt chun críche tríd a bheith chomhoibriú leis na Ranna go léir sa Phríomhoifig agus cuirfear tús le cur i bhfeidhm céimnithe beo faoi dheireadh Ráithe 1</p> <p>Leanfaimid i gcomhar leis an tSeirbhís Chomparáideach le monatóireacht agus forbairt a dhéanamh ar ábhar an tsuímh le cúnaimh ó Ranna ábhartha</p> <p>Scrúdóimid forbairt agus feabhsuithe Chéim 2 d'fhonn an córas a fheabhsú tuilleadh mar fhoireann uirlisí don fhoireann agus do na Bainisteoirí</p>
	<p>→ Déanfaimid iniúchadh agus forbairt bhreise ar dheiseanna a bheidh ann mar gheall ar thairbhe a bheith bainte as an TFC, ar conas deiseanna a sholáthar chun pobail ghairmiúla a chruthú i measc na foirne in iarracht iad a chuidiú chun tacú lena chéile an t-oideachas agus an oiliúint a chur ar fail.</p>	<p>Stiúrthóirí</p>	<p>Príomhoide / Bainisteoir TFC</p>	<p>Coimeádann gach scoil athbhreithniú ar a Straitéis Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta de réir treoirlínte náisiúnta</p> <p>Leanfaidh infheistíocht TFC amach anseo i scoileanna de bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm na straitéise seo</p> <p>Láithreán SharePoint a fhorbairt do Phríomhoidí Bunscoile, Iar-bhunscoile agus na scoileanna uile ar Ardán TF comhroinnte, i.e. Microsoft 365</p>

				<p>Cuirfimid rochtain SharePoint ar fáil don fhoireann go léir agus spreagfaimid iad chun an fhaisnéis atá ar fáil ann maidir le saol gairmiúil agus pearsanta a úsáid</p> <p>Grúpa tacaíochta agus treorach TF a fhorbairt leis an Rannóg TF chun cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le forbairtí scoile m.sh. timpeallachtaí foghlama fíorúla (TFFanna)</p>
	<p>→ Díreoimid ar thionscnaimh shonracha chun folláine na foirne a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht dhearfach ár bhfoirne a spreagadh ar fud na heagraíochta ar fad</p>	<p>Stiúrthóirí, AD APO</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna, APOanna</p>	<p>Fiosraigh an rogha maidir leis an maoirseacht ghairmiúil agus tacaíochtaí cleachtais mhachnamhaigh don fhoireann.</p> <p>Folláine na foirne a chur chun cinn sna hionaid.</p> <p>Déanfaimid tuilleadh scrúdaithe an fhéidearthacht clár tréalach den “Obair Dhearfach” a chur i bhfeidhm leis an HSA.</p>

3) Ár Seirbhísí

Is é an aidhm atá againn ná cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, atá iomchuí agus ábhartha a sholáthar i dtimpeallachtaí agus i suíomhanna oiliúna bunscoile, iar-bhunscoile, agus breisoideachais, timpeallachtaí ina gcuirtear an teagasc agus an fhoghlaim ardchaighdeáin i gcroílár na mbearta uile, agus béim curtha ar an rochtain ar an aistriú agus ar an fhorchéimniú.

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon de sheirbhísí lena gcuimsítear Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iarbhunscoileanna, an Breisoideachas agus Oilíúint, chomh maith le tacaíocht riaracháin. Tá an raon iomlán de na seirbhísí agus na cláir a chuirimid ar fáil leagtha amach ar leathanaigh 7 go 13.

Tosaíochtaí	Bearta	Urraitheoir	Ceannasaí	Torthaí réamh-mheasta do 2019 (maidir le seirbhísí ar liosta na bliana acadúla 2018/2019)
3.1 Déan Iarracht Samhail an Bhunoideachais sa Phobal a fhorbairt agus a chur chun cinn.	→ Forbróimid ár scoileanna CNS reatha mar shamplaí den dea-chleachtas	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanaimid orainn a bheith ag tacú le scoileanna BOO agus dá gcur chun cinn mar shamplaí den dea-chleachtas cuirfimid tús i feachtas poiblíochta ar leith chun cur le feachtas an phobail
	→ Rachaimid i dteagmháil go hiomlán agus go gníomhach i bpróiseas éagsúlaithe bunscoile an ROS	Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir OSD	2017 – 2021	
	→ Déanfaimid deiseanna a lorg chun cur leis an líon de Scoileanna Náisiúnta Pobail atá faoi choimirce BOO Chorcaí	CE, Stiúrthóir Scoileanna	2017 - 2021	Beimid ag glacadh páirte i gcomórtais le haghaidh scoileanna nua i gCorcaigh
3.2 Tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt i gcúraclam na bunscoile.	→ Cuirfimid eispéireas foghlama iomlán agus saibhir ar fáil, ag teacht go hiomlán leis an gcúraclam náisiúnta	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanfaimid ag cur an churaclaim i bhfeidhm
	→ Leanfaimid ag forbairt clár a thacaíonn le folláine agus forbairt iomlánaíoch gach linbh	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le cláir

	→ Leanfaimid ag cur na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta Náisiúnta i bhfeidhm	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanfaimid ar aghaidh ag cur na straitéise seo i bhfeidhm
	→ Cuirfimid an STEM nua inár scoileanna CNS chun cinn	Príomhoidí	Príomhoidí	Leanfaimid ar aghaidh ag cur na straitéise seo i bhfeidhm
	→ Cuirfimid an curaclam teanga nua i bhfeidhm ina iomláine	Príomhoidí	Príomhoidí	Leanfaimid ag cur an churaclaim seo i bhfeidhm
	→ Déanfaimid iarracht a bheith ag glacadh go luath leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta Digití ag leibhéal na bunscoile	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanfaimid ar aghaidh ag cur na straitéise seo i bhfeidhm
3.3 An tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ag leibhéal na hiarbhunscoile	→ Cuirfimid clár nua na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm agus beimid ag plé go huile is go hiomlán leis an FLG náisiúnta de gach uile shórt. Déanfaimid iarracht freisin dea-chleachtas a fhorbairt tríd an dea-chleachtas a roinnt i measc ár dteaghlach scoileanna	Stiúrthóir Scoileanna	Príomhoidí	Leanaimid de bheith ag plé go náisiúnta leis an ngníomhaíocht FLG náisiúnta uile
3.4 Forbairt Churaclaim Sonrach	→ Leanfaimid orainn ag obair go réamhghníomhach le roghanna curaclaim nua ar nós an ábhair nua Ríomheolaíochta san Ardeistiméireacht	Príomhoidí		Leanfaimid ag déanamh athbhreithniú ar dheiseanna chun soláthar na heolaíochta ríomhaireachta a leathnú
3.5 Athbhreithniú agus Forbairt ar an gClár FET	→ Déanfaimid athbhreithniú ar chlár oideachais agus oiliúna trí phróisis phleanála fianaisebhunaithe a úsáid agus aird a thabhairt ar an aiseolas ó fhoghlaimoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile	Stiúrthóir FET, AEOanna	ALOanna	Leanann BOOC ar aghaidh ag forbairt agus ag leathnú na naisc atá againn leis an Tionscal agus le gnóthlchtaí áitiúla. Is rogha anois é dul chun cinn go Scileanna go Réamhrá. Reáchtáladh Athbhreithniú ar an bPíolóta Foghlama Teaghlaigh le MABS & an Comhar Creidmheasa i mí Eanáir 2019, cuirfear an tsamhail seo i bhfeidhm ar bhonn spriocdhírthe chuig limistéir eile i rith 2019.

	<p>→ Tabharfaimid faoi chomhairliúchán rialta le geallsealbhóirí agus forbróimid soláthar cúrsaí solúbtha FET trí thagairt a dhéanamh do Straitéis Náisiúnta FET SOLAS 2014-1019, Paraiméadair Phleanála FET SOLAS agus Plean Corparáideach SOLAS 2017-2019</p>	<p>Stiúrthóir FET</p>	<p>AEOanna, Bainisteoirí FET</p>	<p>Leanfaimid ar aghaidh leis an rannpháirtíocht leanúnach le Fóram Scileanna Réigiúnacha an RGFCS agus le grúpaí d'fhostóirí</p>
	<p>→ Déanfaimid próiseas pleanála FET comhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena gcinnteofar go ndéanfar riachtanais na bpobal áitiúil, na bhfoghlaimoírí agus na bhfostóirí a aithint agus go dtabharfar freagra orthu ar bhealach cuí agus tráthúil de réir riachtanas agus thosaíochtaí na Straitéise FET</p>	<p>Stiúrthóir FET, AEOanna</p>	<p>Bainisteoirí TC, Comhordaitheoirí FET</p>	<p>Déanfaimid Cúrsa Oiliúna Oibreora Déantúsaíochta nua a fhorbairt in 2019</p> <p>Déanfar athbhreithniú ar chúrsaí bogearraí atá ann cheana in 2019</p> <p>Leanfar leis an athbhreithniú ar Phrintíseachtaí Leagan 4 i rith 2019</p> <p>Cuirfimid an clár sin de chuid clár SOLAS, “Skill to Advance”, agus clár oiliúna eile atá gaolmhara leis i bhfeidhm</p> <p>Bunófar saoráid nua oiliúna agus printíseachta cócaireachta agus fáilteachais i Lárionad Gnó an Taobh Thiar i rith 2019</p> <p>Leanfar le cur i bhfeidhm na Straitéise Biopharma i rith 2019</p> <p>Áireofar mapáil bhreise ar bhealaí dul chun cinn, do rannpháirtithe ó chlár FP, ar phleananna 2019/2020 chun comhoiriúnacht le forálacha eile FET Chorcaí a chinntiú.</p> <p>Eagrófar Imeachtaí an LLLF agus Imeachtaí Oíche Chultúir le haghaidh 2019 chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an oideachas, an gcultúr agus an oidhreacht phobail in áiteanna tuaithe éagsúla ar fud an chontae. I measc na n-imeachtaí tá fócas ar</p>

				<p>chláir Ghaeilge, turais Chultúir, imeachtaí ilchultúrtha, béaloideas, scéalaíocht agus ceol.</p> <p>Déanfar tuilleadh forbartha ar chláir chomhpháirtíochta i rith 2019 m.sh/ clár ealaíon ar Oileán Chléire le Comharchumann Chléire Teoranta, tionscadal comhrá Cathaoireacha le Ionad Cultúrtha, Baile Mhuirne</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh go gníomhach le naisc le líonraí éagsúla ar fud Chorcaí, ag cur le tuilleadh idirchaidrimh. Tionóltar cruinnithe Líonra Oideachais Aosaigh ag an mbonn áitiúil agus bíonn BOOC, HSL, FRCanna, RGFCs, grúpa Comhpháirtíochta, tionscadail Óige srl. ag freastal orthu chun a chinntiú go gcuireann riachtanais na ngrúpaí seo leis an bpleanáil a dhéantar ar ár gcláir, agus leis an earcaíocht lenár gcláir, atá ailínithe leis na tosaíochtaí atá sonraithe i Straitéis FET BOO Chorcaí.</p>
3.6 Soláthar seirbhísí óige a fhorbairt agus a chur chun cinn	→ Cuirfimid seirbhísí nuálacha, freagracha agus uileghabhálacha ar fáil a dtacófar leo trí Choiste Óige BOO Chorcaí	Stiúrthóir FET	Oifigigh Óige	<p>Leanfaimid ag déanamh athbhreithniú agus measúnú ar mholtaí ón bhfóram um obair don aos óg chun an fóram óige a sheachadadh.</p> <p>Leantar ar aghaidh le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar úsáid uair an chloig teagascóra maidir le pleananna téarma a chuirtear isteach</p>
	→ Forbróimid ról BOO Chorcaí mar ghníomhaire do Sheirbhísí Óige a oibríonn i gcomhar agus i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Óige agus Leanáí	Stiúrthóir FET	Oifigigh Óige	Beifear ag aistriú go scéim mhaoinithe nua in 2019

				Tionscadal óige athshainithe ceadaithe in 2018 agus Seirbhís nua Iarthar Chorcaí le tosú ar R1 2019
	→ Tacóimid le soláthar, forbairt agus measúnú seirbhísí oibre óige i gCorcaigh trí sholáthar acmhainní spriocdhírthe cuí	Stiúrthóir FET	Oifigigh Óige	<p>Leanfaidh Coiste Obair Óige BOO Chorcaí ar aghaidh ag déanamh athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí Obair Óige agus iad a thuairisciú don Bhord</p> <p>Déanfar Bord Oideachais agus Oilíuna Chorcaí a choimisiúnú chun próifílí ceantar áitiúil a dhéanamh do phróifílí Contae / Cathrach. Cuirfear tús leis an obair seo in Eanáir-Aibreán 2019</p> <p>Tá cuairteanna monatóireachta ar siúl go leanúnach le sampla de chlubanna le monatóireacht a dhéanamh orthu chun comhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta a chinntiú agus chun iniúchadh a dhéanamh ar shampla clubanna a fuair an scéim deontais trealaimh</p> <p>Nuashonrófar Clár na gClubanna Óige atá i dteideal Deontas Club Óige in 2019</p>
3.7 An comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú inár bpobail foghlaimeoirí tríd an t-eolas agus scileanna ábhartha a chur ar fáil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don forbairt	→ Forbróimid scéimeanna forchéimnithe nua agus feabhsaithe do gach foghlaimeoir, laistigh de BOO Chorcaí agus le soláthraithe oideachais agus oilíuna ag gach leibhéal i gCorcaigh agus in áiteanna eile de réir mar is cuí	Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna	2017 – 2021	
	→ Spreagfaimid leibhéil arda rannpháirtíochta, gnóthachtála agus creidiúnaithe ag foghlaimeoirí trí chúrsaí a sholáthar a fheabhsóidh a gcuid deiseanna d'fhorbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíochta	Stiúrthóir FET, AEOanna	ALOanna	<p>Leantar le teagasc grúpa a thairiscint mar an rogha is fearr le creidiúnú á thairiscint agus á thacú ó Leibhéal 1-3.</p> <p>Tá BOOC i mbun an tsraith uirlisí a chur i bhfeidhm anois le haghaidh measúnú tosaigh & leanúnach ar Lítearthacht agus</p>

<p>phearsanta agus don fhostaíocht</p>				<p>Uimhearhacht Aosaigh ag Leibhéil NFQ 1-3 in ionaid i ngach cearn den chathair agus den chontae.</p> <p>Leanfaimid ag soláthar nuashonruithe ar Fhoghlaimeoirí / Teagascóirí / Múinteoirí agus bainisteoirí ionaid chun foghlaimeoirí a dhíriú agus a spreagadh, chun tacú leo ar ais san oideachas, chun cur lena scileanna agus chun díriú ar an dámhachtain iomlán a spreagadh.</p> <p>Leanfar le cúrsaí nua a shainnithint le bheith curtha i mbun le linn 2019 m.sh. cúrsa Scileanna Miondíola nua i gCathair Chorcaí.</p>
	<p>→ Beimid ag cuidiú go gníomhach le foghlaimeoirí filleadh ar an bhfoghlaim trí chinntiú go gcuirtear cúrsaí agus tacaíochtaí cuí ar fáil a thacaíonn le rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus a spreagann iad</p>	<p>Stiúrthóir FET</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna, Comhordait heoirí Gairmthreor ach</p>	<p>Cuirfidh Coláistí FET comhpholasaithe tinrimh agus comhnósanna imeachta um agallaimh iontrála i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí</p> <p>Cuirfimid oiliúint ar fáil i dteagasc agus i bhfoghlaim ghníomhach, ag comhtháthú na litearthachta agus na pleanála traschuraclaim chun tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí</p> <p>Glacfaimid páirt in imeachtaí áitiúla DEASP ag díriú ar dhaoine óga ag teacht le tionscnaimh rialtais</p> <p>Socróidh Comhairleoirí Treorach d'Aosaigh struchtúir chun ceanglais bhreise a chomhlíonadh chun tacú le hiarrthóirí tearmainn a bhaineann leis an Treoir um Sholáthar Rochtana ar an Margadh Saothair</p>
	<p>→ Éascóimid cur i bhfeidhm agus forbairt tacaíochtaí oideachais agus oiliúna trí sheirbhísí ar líne a sholáthar, lena n-áirítear</p>	<p>Stiúrthóirí, Bainisteoir TFC</p>	<p>2017 – 2021</p>	

	Timpeallachtaí Foghlama Fíorúla (TFFanna) agus córais eile bunaithe ar TFC			
	→ Déanfaimid na cláir Phrintíseachta agus Oiliúna a chur chun cinn, a fhorbairt agus a bhainistiú chun a chinntiú go gcomhlíonann an oiliúint riachtanais an tionscail	Stiúrthóir FET	Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna	<p>Déanfaidh Coláistí FET samhlacha nua de chúrsaí oiliúna gairmiúla agus de phrintíseachtaí a fhiosrú, a fhorbairt agus a sheachadadh nuair is cuí</p> <p>Déanfar athbhreithniú ar chláir phrintíseachta i gcomhairle le SOLAS d'fhonn leathnú chun freastal ar éilimh náisiúnta agus réigiúnacha</p> <p>Tabharfar isteach printíseachtaí nua in 2019; Innealtóir Líonra TFC Cibearshlándáil TFC Commis Chef</p>
	→ Oibreoidimid le hÚdaráis Áitiúla, le hInstitiúidí Ardoideachais agus Comhpháirtithe Pobail chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus a leathnú	FP, Stiúrthóir FET	Príomhoidí, Bainisteoirí FET, AEOanna	Leanaimid de bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara uile chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn

4) Ár nEagraíocht

Is é an aidhm atá againn ná chun cur leis an bpróifíl atá ag an eagraíocht trí sheirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil chun tacú lenár soláthar oideachais agus oiliúna.

Tá BOO Chorcaí tiomanta d'athbheithniú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a struchtúir, a rialachas agus a bhonneagar. Tá sé mar aidhm againn cultúr feabhsúcháin a chothú ionas gurbh eagraíocht í a bheidh ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus a gcuid seirbhísí á sholáthar.

Tá roinnt gnéithe ann a dhíreofar orthu thar shaolré an ráitis, go háirithe tógáil scoileanna nua, comhlíonadh rialála, cuntasacht, Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla, margaiócht, cumarsáid agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Beidh feabhsú chumas na heagraíochta chun éifeachtúlachtaí a chur ar aghaidh á stiúradh ag an bhfoireann, atá lárnach i seachadadh na seirbhísí. Mar sin féin, beidh sé á stiúradh chomh maith tríd an fhreastal, tríd an tacaíocht agus trína bheith ag dul i mbun comhpháirtíochta le raon de pháirtithe leasmhara chun cur le próifíl na heagraíochta.

Tosaíochtaí	Bearta	Urraitheoir	Ceannasaí	Torthaí réamh-mheasta do 2019 (maidir le seirbhísí ar liosta na bliana acadúla 2018/2019)
4.1 A chinntiú go bhforbraítear bonneagar cuí chun an tairbhe is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil	<p>→ Chun mórthionscadail fhoirgnimh scoile agus síneadh scoile a thabhairt chun críche roimh na dátaí is luaithe is féidir, áirítear ar mhórthionscadail:</p> <p>Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí</p> <p>Coláiste Pobail Naomh Colman, Mainistir na Corann</p> <p>Campas Oideachasúil Charraig Uí Leighin</p> <p>Coláiste Pobail Chloich na Coillte</p> <p>Coláiste Davis, Mala</p>	CE, Stiúrthóir OSD	C&P APO	<p>Leanfaimid ar aghaidh le bheith réamhghníomhach maidir leis an iarracht chun spriocdhátaí críochnaithe leis an ROS agus le páirtithe eile a bhaint amach</p> <p>Leanann oibreacha ar aghaidh ag cur oibreacha chun cinn</p>

	<p>Scoil Chlíodhna, CNS, Carraig Thuathail Coláiste Pobail Charraig Thuathail</p>			
	<p>→ Chun ceadú a fháil le haghaidh mórthionscadal caipitil eile a aithníodh mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil Móra an Rialtais idir 2016 agus 2021, áirítear ar na tionscadail seo:</p> <p>Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh Coláiste Áth an Chóiste Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne</p>	<p>FP</p>	<p>Stiúrthóirí</p>	<p>Leanfaimid ar aghaidh le faomhadh a chur chun cinn do thionscadail aitheanta</p>
	<p>→ Leanfaimid orainn ag aithint tosaíochtaí d'fhoirgnimh nua, do shintí agus / nó d'fheabhsuithe ar fhoirgnimh atá ann cheana féin agus chun na hacmhainní riachtanacha a lorg go réamhghníomhach</p>	<p>CE, Stiúrthóirí</p>	<p>C&P APO, Príomhoidí, Bainisteoirí</p>	<p>Leanfaimid ag déanamh athbhreithniú ar riachtanais tosaíochta na maoine go léir d'fhonn plean a bhunú chun foirgnimh níos sine a athchóiriú</p>
	<p>→ Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar chórais TFC chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach, go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir, go mbeidh siad sácháilte agus go gcuirfear éifeachtúlachtaí ar fáil do gach úsáideoir leo</p>	<p>Stiúrthóir an OSD, Bainisteoir TFC</p>	<p>APOanna, Grád VII, Príomhoidí, AEOanna, Bainisteoirí</p>	<p>Leanfaimid ag obair le soláthraithe bogearraí seachtracha, ROS / PMO agus SOLAS chun córais TF atá oiriúnach don fheidhm a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh ag cur córais bhogearraí cuí i bhfeidhm i ngach réimse den eagraíocht chun a chinntiú go seachadtar éifeachtúlachtaí do gach úsáideoir</p> <p>Leanfaimid ar aghaidh lenár rannpháirtíocht ghníomhach le tionscadail náisiúnta agus tacóimid lena gcur i bhfeidhm m.sh. seirbhísí párolla comhroinnte, seirbhísí airgeadais</p>

				comhroinnte, córas bainistíochta scoile comhroinnte
4.2 Leanúint ar aghaidh ag forbairt struchtúr eagraíochtúil a thacaíonn le seirbhísí BOO Chorcaí	→ Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú struchtúir rialachais ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna agus de réir na gcaighdeán eiticiúil is fearr	FP	Stiúrthóirí	Glacfaimid agus tacóimid lenár seirbhísí i gcur i bhfeidhm Chód Rialachais nua 2019
	→ Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir BOO Chorcaí chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus comhlíontach ó thaobh costais de	Stiúrthóir OSD	APOanna	Rachaimid i ngleic go gníomhach leis an Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla chun a chinntiú go bhfaigheann BOO Chorcaí táirge atá oiriúnach don chuspóir lena gcinnteofar an leanúnachas gnó Leanfaimid ag déanamh monatóireachta ar Pholasaithe, ar Nósanna Imeachta agus ar Leibhéil Údaraithe Ceannaigh agus Soláthar tar éis dó sin a bheith glactha leis, curtha i bhfeidhm agus sínte amach
	→ Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú agus forbairt a dhéanamh chun dea-struchtúir agus dea-phróisis rialachais a chur i bhfeidhm a mbeidh ar aon dul leis na riachtanais a d'aithníodh sa Fhéinmheastóireacht Feidhmiúcháin atá déanta againn agus mar ullmhúchán don Athbhreithniú Reachtuil ar an mBreisoideachas agus an Oiliúint	Stiúrthóir OSD, Stiúrthóir FET	APOanna, Bainisteoirí FET, AEOanna	Leanaimid ag déanamh athbhreithniú ar struchtúir agus ar phróisis
	→ Athbhreithniú a dhéanamh ar ár seirbhísí féinmhaoinithe chun a chinntiú go bhfuil siad struchtúrtha ar bhealach a chumasóidh inmharthanacht leanúnach agus comhlíonadh oibleagáidí rialála	Stiúrthóir OSD, Stiúrthóir FET	APOanna, Bainisteoirí FET, AEOanna	Déantar athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach ar chlár féinmhaoinithe chun inmharthanacht leanúnach a chinntiú

4.3 Tacú le rialachas eiticíúil chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú	→ Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag déanamh monatóireachta ar ár bpróisis chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus rialála araon	Stiúrthóir OSD, Stiúrthóir FET	CS APO	Críochnófar tionscadal náisiúnta chun lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta a fhorbairt don earnáil faoi dheireadh R2 agus cuirfear tús le céim forfheidhmithe díreach ina dhiaidh sin. Tabharfar isteach SLAanna athbhreithnithe nua le linn R1 a dtacófar leis an gclár lárnach chun cabhrú leis an mhonatóireacht a dhéanamh ar na SLAanna sin, chun a chinntiú go gcomhlíontar téarmaí SLA
	→ Déanfaimid athbhreithniú rialta ar chaiteachas BOO Chorcaí chun deiseanna soláthair a aithint chun luach ar airgead a chinntiú ar fud na heagraíochta	Stiúrthóir OSD	C&P APO	Leanfaimid ar aghaidh ag sainaitheint réimsí Comhiomlánaithe, áit nach bhfuil Conarthaí nó Creaí OGP curtha i bhfeidhm agus déanfaimid soláthar iomaíoch a chur ar aghaidh do BOOC sna réimsí sin.
	→ Leanfaimid ar aghaidh le forbairt, cumarsáid agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Bheartas agus Nósanna Imeachta Soláthair BOO Chorcaí do gach aonán atá faoi shainchúram BOO Chorcaí	Stiúrthóir OSD	C&P APO	Leanaimid ar aghaidh le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh
	→ Déanfaimid na socruithe riachtanacha chun comhlíonadh ár n-oibleagáidí cosanta sonraí a chinntiú lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (OTI)	Stiúrthóir OSD	CS APO	Leantar le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus nósanna imeachta maidir le OTI trí mheitheal tiomnaithe Leantar le dul chun cinn a dhéanamh ar athbhreithniú agus athaicmiú doiciméadachta cartlainne le linn 2019
	→ Feabhas a chur ar chórais chuntasaíochta bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais	Stiúrthóir OSD, Stiúrthóir FET	Airgeadas APOanna	Déanfaimid rolladh amach iomlán na gCártaí Ceannaigh in 2019

	<p>chun tacú le cinnteoireacht níos fearr sna Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna</p>			
	<p>→ Leanfaimid ar aghaidh ag feabhsú éifeachtúlachtaí chun luach ar airgead a chinntiú i mbainistiú réadmhaoine uile BOO Chorcaí, ag teacht le Plean Seachadta Bainistíochta Sócmhainní an Rialtais</p>	<p>Stiúrthóir OSD</p>	<p>CS APO</p>	<p>Bunaíodh clár léasa i rith 2018 ach tá tús curtha le hobair chun feabhsuithe a dhéanamh ar chóras na gclár leictreonach chun an cumas tuairiscithe a fheabhsú agus é mar aidhm leis sin a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh Ráithe 3</p>
<p>4.4 Branda BOO Chorcaí a fhorbairt a bheidh dea-aitheanta</p>	<p>→ Feachtas margaióchta agus brandála comhordaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feachtas ar BOO Chorcaí a ardú mar eagraíocht agus na seirbhísí go léir a sholáthraíonn agus a sheachadann sé</p>	<p>Stiúrthóirí</p>	<p>Príomhoidí, APOanna</p>	<p>Plean a fhorbairt a thacóidh le pobal na scoile chun tuiscint a fháil ar cad is scoil BOO ann, ár bhfealsúnacht agus cad a dhéanann idirdhealú idir soláthróirí eile; a bhunú “ár bhféiniúlacht”</p> <p>Lógó BOO Chorcaí a úsáid ar stáiseanóireacht, foirmeacha srl</p> <p>Físeán BOO 2 nóiméad ar fad a chruthú le haghaidh oíche oscailte Glacfar le clibeáil mheáin shóisialta m.sh. @CorkETB</p> <p>Cuirtear feachtas poiblíochta comhordaithe i bhfeidhm do Choláistí PLC le feachtas spriocdhírthe le tosú i R2 do Scoileanna Náisiúnta Pobail</p>
	<p>→ Aithneoidimid agus ceiliúfaimid éachtaí ár bhfoghlaimoírí agus ár bhfoirne mar bhealach chun cultúr sármhaitheasa a chothú agus a chothú</p>	<p>Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir OSD,</p>	<p>Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna, CS APO</p>	<p>Glacfaimid gach deis agus leanfaimid orainn ag cinntiú go n-aithnítear gach éacht a dhéantar, lena n-áirítear éachtaí acadúla, agus go ndéanfar ceiliúradh orthu trí shearmanais scoilbhunaithe, imeachtaí BOO agus sna meáin shóisialta</p> <p>Leanfaimid orainn ag ceiliúradh na héachtaí iontacha a bhaineann amach ár gcuid mac léinn sna Cláir</p>

				<p>Ardteistiméireachta agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach trí Shearmanas Gradaim bliantúil BOO Chorcaí</p> <p>Leanfaidh Searmanais Chéimnithe Choláiste FET ar aghaidh mar bhealach chun éachtaí ár bhfoghlaimoírí a aithint</p> <p>Scrúdóimid an fhéidearthacht Oíche Duaiseanna do FET chun sealbhóirí Gradaim ardhgnóthachtála a cheiliúradh</p> <p>Cuirfimid iarratas isteach ar na Dámhachtainí Oideachais Gaeilge ar bhonn bliantúil mar bhealach chun ár gColáistí FET a thagarmharcáil mar sholáthraithe seirbhíse</p> <p>Aithneoidh BOO Chorcaí éachtaí agus clocha míle ár bhfoghlaimoírí i Scoileanna Náisiúnta Pobail trí Imeacht Ceiliúrtha Bliantúil</p>
4.5 Córais chumarsáide inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a fheabhsú	→ Forbróimid Cairt Chustaiméirí atá oiriúnach don chuspóir a bhunóidh deachleachtas agus nósanna imeachta agus a éascóidh aiseolas	Stiúrthóir OSD	CS APO	Forbróimid Cairt Chustaiméirí de réir Chód Rialachais 2019
	→ Déanfar gealltanais a tugadh i Scéim na dTeangacha Gaeilge a sheachadadh laistigh de shaolré na scéime reatha	Stiúrthóir OSD, Scoileanna	CS APO	Foilseofar Scéim Teanga nua le linn 2019 agus beidh na gealltanais a dhéantar ann sonraithe go deas soiléir
	→ Tacóimid le scoileanna / coláistí i bhfeidhmiú Bheartas ROS ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022	Stiúrthóir Scoileanna	Bainisteoirí, Príomhoidí,	Leanfaimid orainn ag soláthar tacaíochta do bhaill foirne ar mian leo dul ar aghaidh le breisoideachas agus oiliúint in úsáid na Gaeilge

				Déanfaimid athbhreithniú ar an gcaoi a bhfuil an Fóram Gaeloideachas ag feidhmiú chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag leathnú na rannpháirtíochta
	→ Cinnteoidimid go mbeidh cuntas ríomhphoist corparáideach ag gach ball foirne maidir le cumarsáid éifeachtach, cosaint slándála agus rochtain ar chórais TFC	Stiúrthóir OSD	Bainisteoir TFC	Forbróimid plean mar chuid den chur i bhfeidhm ar an inlín do réiteach ríomhphoist corparáideach
	→ Bainfimid úsáid dhearfach agus réamhghníomhach as na meáin shóisialta chun BOO Chorcaí agus a chuid seirbhísí a chur chun cinn	Stiúrthóir OSD	APOanna, Príomhoidí, Bainisteoirí, AEOanna	Leanfaimid ar aghaidh leis an ngníomhaíocht BOO / Coláiste / Ionaid go léir a chur chun cinn go gníomhach ar leathanaigh mheáin sóisialta BOO Chorcaí
	→ Forbróimid agus cuirfimid straitéis chumarsáide éifeachtach agus chuimsitheach i bhfeidhm thar shaolré an Phlean Straitéisigh	Stiúrthóir OSD, Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha	2017 – 2021	
4.6 Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara	→ Cinnteoidimid go mbeidh ionadaíocht ag BOO Chorcaí ar na Boird, na Comhlachtaí agus na Fóraim ábhartha a bhaineann le soláthar oideachais agus oiliúna	CE, Stiúrthóirí	2017 – 2021	Leanfaimid orainn ag cinntiú ionadaíocht ghníomhach thar raon Fóram
	→ Leanfaimid orainn ag forbairt caidrimh lenár bpáirtithe leasmhara bunaithe ar mheas frithpháirteach agus gairmiúlacht chomhroinnte ar mhaithe le leas ár bhfoghlaimeoirí	CE, Stiúrthóirí,	Príomhoidí, APOanna, Bainisteoirí, AEOanna, ALOanna, Comhordaitheoir Treorach	

6. FORBHREATHNÚ AR SEIRBHÍSÍ 2019

SCOILEANNA

Bunscoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phátrún ar 2 Scoil Náisiúnta Pobail (CNS). I gcás BOO Chorcaí, is tionscnamh nua é páirt a bheith glactha againn sa bhunoideachas.

- Scoil Náisiúnta Pobail Aonghusa, Carraig Dhúin, Mala
- Scoil Náisiúnta Pobail Chlíodhna, An Taobh Thiar, Carraig Thuathail

Leanfaidh BOO Chorcaí ag soláthar comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna agus tógála do gach aon cheann de na scoileanna seo chomh maith le tacaíocht dá rialachas agus dá mbainistíocht fhoriomlán. Bunaíodh Boird Bhainistíochta freisin agus cuireadh oiliúint ar fáil chun iad a chur ar a gcumas a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Ath-eagrúchán Bunscoile

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) Próiseas Athchumraithe Scoileanna le haghaidh na hÉagsúlachta chun aghaidh a thabhairt ar thiomantas Chlár Rialtais 2016 chun cur le líon na scoileanna ilchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha le go mbeidh 400 ann faoi 2030.

Tá freagrachtaí ag ETBanna, mar údaráis reachtúla, faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 chun an soláthar oideachais a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú ina réimsí feidhme.

Le linn 2018, chríochnaigh BOO Chorcaí an chéad chéim aitheantais do cheantar Chionn tSáile. Ón gcleachtas seo, cuireadh tuarascáil ar aghaidh chuig an ROS lena foilsíú.

Iar-bhunscoileanna

Is phátrún é BOO Chorcaí do 28 gcoláiste iar-bhunscoile. Áirítear leis siúd 4 Choláiste Breisoideachais a thuairiscítear faoin gcuid ar an mBreisoideachas agus an Oiliúint. Is coláistí Pobail ainmnithe iad dhá cheann déag de na coláistí seo áit a bhfuil comhaontú ann leis an easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le rannpháirtíocht deoise i rialachas an choláiste. Cuireann BOO Chorcaí réimse seirbhísí ar fáil do na scoileanna seo lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, tógála, TFC, tacaíocht rialachais chomh maith le tacaíocht pleanála oideachais.

Chomh maith leis sin, tá BOO Chorcaí ina chomhphatrún i gcomhar le deoise nó le hord rialta i gcás 12 scoil phobail i gCorcaigh.

Meastar go mbeidh méadú de 316 mac léinn ar fud ár n-iar-bhunscoileanna aitheanta i mí Mheán Fómhair 2019. Méadú suntasach atá i gceist leis seo agus tá BOOC gníomhach sa phleanáil agus i seachadadh roinnt tionscadal tógála suntasach chun freastal ar an bhfás atá beartaithe.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais iar-bhunscoile chun tacú leis an soláthar oideachais iar-bhunscoile do mhic léinn nach bhfuil sa chóras príomhshrutha. Is éard atá i gceist leis na timpeallachtaí seo ná aonaid chúraim speisialta, ardtacaíochta agus cúraim chónaithe, Ionad Ard Álainn, Ionad Naomh Stiofáin, Ionad Ghleann Maghair agus Éist Linn, An Charraig Dhubh.

BREISOIDEACHAS & OILIÚINT

Coláistí Breisoideachais (PLC)

Lean Coláistí Breisoideachais BOOC ag seachadadh raon agus próifíl cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta cosúil leis na cinn a seachadadh sa bhliain a tháinig roimhe. Cé go bhfuil na coláistí tar éis a gcuid cúrsaí a oiriúnú agus a mhodhnú, nuair a bhí siad in ann, chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil chomh maith le riachtanais an lucht foghlaimeora áitiúla, bhí srian suntasach curtha ar chumas an BOO chun cúrsa nua a thabhairt isteach, mar gheall ar easpa solúbthachta go ginearálta toisc go bhfuil líon na daoine ag clárú ag titim agus toisc go bhfuil an líon múinteoirí iomlán tar éis a bheith laghdaithe mar gheall ar an titim sa líon daoine ar cláraigh le cúrsaí an bhliain roimhe seo.

Thit na líonta de dhaoine cláraithe ar fud na gcoláistí agus na n-ionad go léir a chuireann cúrsaí PLC ar fáil don bhliain acadúil 2018-2019 síos go dtí 4,000, ó 4,544 an bhliain roimhe sin. Bhí tionchar suntasach ag an staid eacnamaíoch athraitheach a bhí ann ar an méid daoine a chláraigh ar na cúrsaí, chomh maith leis an bpolasaí leanúnach ar glacadh leis san earnáil Ardoideachais chun cur leis an líon daoine a chláraíonn ar chúrsaí agus an méid pointí CAO atá de dhíth chun freastal ar a lán cúrsaí a laghdú.

Táthar ag leanúint ar aghaidh san earnáil Iar-Ardteistiméireachta ag tabhairt isteach Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna agus tá ag éirí go maith leis an rud céanna dhéanamh sna Coláistí. Is réimse é seo a leanfar leis scrúdú a bheith déanta air go gcuirfear fás faoi de réir mar a fhásann naisc le tionscal chun ailíniú níos fearr a dhéanamh ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta le saol na hoibre.

Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna)

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá suite ar Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, an t-ionad oibríochta agus an mol le haghaidh na seirbhísí oiliúna uile a sholáthraíonn BOOC faoin FET. Cé go bhfuil an t-ionad mar ionad seachadta le haghaidh réimse printíseachtaí, lena n-áirítear an oiliúint lasmuigh den obair (Céim 2), freastalaíonn an t-ionad ar raon clár sainoiliúna agus feidhmíonn sé mar an t-ionad comhordaithe agus riaracháin le haghaidh an tsoláthair oiliúna, agus raon d'oifigí tacaíochta FET BOOC atá lonnaithe ann, lena n-áirítear an Dearbhú Cáilíochta, an Ghairmthreoir agus Seirbhísí Óige.

Ar aon dul le paraiméadair agus riachtanais phleanála náisiúnta FET, leanfar leis go mbeifear ag iarraidh cur leis an acmhainneacht oiliúna printíseach a mbeidh á soláthar san ionad, trí athchumrú a dhéanamh ar na spásanna oiliúna atá ann cheana féin agus trí infheistíocht a dhéanamh chun cur leis an acmhainneacht bhreise taobh amuigh den ionad. Leagfaidh an t-ionad Oiliúna béim ar leith ar oiliúint bhreise a fhorbairt agus a sheachadadh do dhaoine i bhfostaíocht de réir pholasaithe SOLAS, de réir mar a eisítear na polasaithe sin.

Cuirtear cláir chun daoine dífhostaithe a bheith in ann cur lena gcuid scileanna, filleadh ar ais ar an oiliúint nó a uas-sciliú chun post a aimsiú agus / nó chun leanúint ar aghaidh leis an mbreisoideachas agus oiliúint le feidhm Oiliúna BOOC, agus cuireann sé sin ar a gcumas iad chun dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Seachadtar na cláir seo trí chúrsaí lae, tráthnóna nó cúrsaí ar líne lánaimseartha. Tá méid na gníomhaíochta ag laghdú i soláthar spriocdhírithé do dhaoine dífhostaithe ag teacht leis an mbeochlár. Léirítear méid na gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Seirbhísí Óige

Cuireann BOO Chorcaí raon de sheirbhísí óige ar fáil do dhaoine óga ar fud an réigiúin faoi réimse clár Óige atá maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Agus leithdháileadh bliantúil maoinithe de níos mó ná €2.5 milliún don Óige, tá sé mar aidhm ag Seirbhís Óige BOO Chorcaí gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige a sholáthar lasmuigh den suíomh oideachais fhoirmiúil chun daoine óga a spreagadh agus chun tacú leo a bheith gníomhach ina bpobail, mar shaoránaigh, mar eiseamláirí agus mar cheannairí i measc a gcuid píaraí.

Déanann BOO Chorcaí, trína Aonad Seirbhísí Óige, teagmháil le roinnt eagraíochtaí Óige chun Seirbhísí Óige a sheachadadh thar a cheann, lena n-áirítear:

- YMCA
- Foróige
- Youthwork Ireland Corcaigh
- Seirbhísí Óige an Chóibh
- Clann Shíomóin Chorcaí
- Meitheal Mara
- Seirbhísí an Aoire Mhaith
- Iontaobhas Churchfield.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as maoiniú a riaradh do níos mó ná 35 tionscadal agus seirbhís óige ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí.

Déanann Oifigeach Óige BOO Chorcaí tacaíocht a thabhairt don obair a dhéantar ann agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus déanann fochoiste BOO Chorcaí, atá freagrach as pleanáil agus monatóireacht straitéiseach, maoirseacht uirthi.

Ógtheagmháil

Ag teacht le plean straitéiseach BOOC, tá sé mar aidhm againn oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an bhfíorshaol atá ann faoi láthair na huaire agus lena gcuirfear le deiseanna d'fhoghlaimoirí dul chun cinn a dhéanamh ina bpost agus / nó sa bhreisoideachas.

Is clár oideachais agus oiliúna é Ógtheagmháil do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d'aois, a dteastaíonn rogha eile uathu ón suíomh oideachais fhoirmiúil. Díríonn an clár Ógtheagmhála go cothrom ar fhorbairt scileanna acadúla, gairme agus bog le deiseanna d'fhoghlaimoirí teastas a fháil ag Leibhéil 3 agus 4. Éascaíonn an clár a rochtain, a n-aistriú agus a ndul chun cinn go breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar an chlár Ógtheagmhála, forbraíodh curaclam athbhreithnithe i gcomhairle leis na hionaid go léir. Forbraíodh agus feabhsaíodh an ghné Shocrúcháin Oibre den chlár chun a chinntiú go bhfuil sé ábhartha d'fhoghlaimoirí agus d'fhostóirí araon; tá deis foghlama níos bríomhaire agus níos tarraingtí mar thoradh air seo

do rannpháirtithe agus d'fhostóirí. Baineann Curaclam Ógtheagmhála leasaithe úsáid níos mó as cur chuige cumaiscthe foghlama a chuireann gníomhaíocht ranga, forbairt phearsanta ar bhealach pleanáilte agus struchtúrtha le chéile.

An Litearthacht d'Aosaigh

Bíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí dírithe air go dtairgtear Seirbhís Oideachais Litearthachta comhtháite d'Aosaigh, agus an tairiscint sin creidiúnaithe ar Leibhéal 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Laistigh den sainchúram seo, cuireann Seirbhís Litearthachta BOOC réimse leathan clár ar fáil atá dírithe ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC a fheabhsú do dhaoine fásta ar mian leo a n-inniúlachtaí a fheabhsú agus a rannpháirtíocht fheidhmiúil i saol pearsanta, sóisialta, pobail agus eacnamaíoch a fheabhsú. Tá na cláir a thairgtear éagsúil agus solúbtha agus tá raon díobh ar fáil, idir an tacaíocht dheonach duine ar dhuine agus dianghrúpaí teagaisc agus deimhnithe. Cuirtear an bhéim ar thorthaí foghlama ag leibhéal 1-3 den NFQ.

Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís Aosoideachais i gcoitinne chun roghanna dul chun cinn foghlaimeora a sholáthar go sonrach le riachtanais foghlaimeoirí, fostóirí agus an limistéir gheografaigh ar leith. Trí theagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe le linn an phróisis phleanála, déantar cinnte de go seachadadh na gclár cuí friothála ag Leibhéal 3 le bealaí dul chun cinn soiléire chuig cláir Leibhéal 4 & 5.

Tríd an gclár Scileanna don Obair téann an tseirbhís litearthachta i dteagmháil le fostóirí chun clár a sheachadadh atá dírithe ar leibhéal inniúlachta na bhfostaithe a bhfuil leibhéal ísle cáilíochtaí oideachais acu a ardú, scileanna riachtanacha TF a fheabhsú a chumasaíonn d'fhostaithe déileáil le hathruithe minic agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Cuirtear teagasc ESOL ar fáil go dtí Leibhéal 3 NFQ agus tugtar tús áite d'iarrthóirí tearmainn agus d'oibríthe inimirceacha AE nó d'imircigh ar ioncam íseal iad. Tugann an clár Foghlama Teaghlaigh tacaíocht ríthábhachtach do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid oideachais teoranta, rud a bhíonn de chuidíú chun constaicí ar an fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla a bhriseadh síos.

Oideachas Pobail

Cuirtear Oideachas Pobail ar fáil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama bunaithe go háitiúil a sholáthar. Is í an aidhm ná chun cur lies an gcumas atá ag an bpobal áitiúil páirt a ghlacadh i bhforbairt na bhfreagraí ar an míbhuntáiste oideachais agus struchtúrach.

Déantar seirbhísí Oideachais Aosaigh agus Pobail BOO Chorcaí a bhainistiú agus a chomhordú ar bhonn fo-réigiúnach, agus ceithre cheantar pleanála agus seachadta ag teacht faoi choimirce an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPA), is é sin a rá Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas, Corcaigh Thiar agus Cathair Chorcaí.

Cé go bhfuil formhór na gcúrsaí a chuirtear ar fáil faoi na cláir seo páirtaimseartha, tá siad struchtúrtha ar bhealach ina gcumasaítear leis an rochtain, an aistriú agus an forchéimniú ar chláir lánaimseartha, más mian leis na rannpháirtithe. Tairgeann siad meascán de chláir chreidiúnaithe / dheimhnithe, go ginearálta ag Leibhéal 2 go 4 ar an NFQ, le roinnt clár forbartha cumais neamhchreidiúnaithe dírithe ar fhoghlaimeoirí nach bhfuil oideachas foirmiúil críochnaithe acu.

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)

Is é aidhm fhoriomlán an chláir BTEI ná go gcuirfear le rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil níos mó ná oideachas dara leibhéal acu trí raon de dheiseanna foghlama creidiúnaithe páirtaimseartha a tháirgeadh as a bhfaighidh siad dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) ionas go n-éascófar dóibh teacht a fháil ar bhealaí oideachasúla agus fostaíochta eile.

Bíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí dírithe air go dtairgtear Seirbhís Oideachais Aosaigh chomhtháite, agus an tairiscint sin creidiúnaithe ar Leibhéal 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar chuid den tseirbhís seo, oibríonn an BTEI go dlúth i gcomhar le Bunoideachas do Dhaoine Fásta, le SDOG agus leis an tSeirbhís Oideachais Aosaigh chun roghanna dul chun cinn d'fhoghlaimoirí a sholáthar a bhaineann go sonrach leis riachtanais atá gaolmhar leis an limistéar geografach agus leis na bhfoghlaimoirí ar leith. Déanann BTEI idirchaidreamh le PLCanna, le Soláthróirí Oiliúna agus le Comhordaitheoirí Ógtheagmhála chun a chinntiú go seachadtar cláir fhriothálacha ag Leibhéal 4 chun rochtain a chur ar fáil ar chláir PLC Leibhéal 5.

Díríonn BTEI go príomha ar chúrsaí QQI Leibhéal 4 a sheachadadh le Leibhéal 3 agus 5 á seachadadh ag leibhéal níos lú. Cuireann na cúrsaí seo bealach dul chun cinn ar fáil ó chúrsaí ar leibhéal níos ísle agus dul ar aghaidh chuig cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus Ionad Oiliúna freisin.

Seirbhísí Treorach Chorcaí

Tairgeann Seirbhís Treorach BOO Chorcaí seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda atá ar fáil d'fhoghlaimoirí aosacha reatha agus do dhaoine fásta dífhostaithe a bhfuil níos lú ná cáilíocht / cáilíochtaí QQI Leibhéal 6 acu. Cabhraíonn ár bPearsanra Treorach le foghlaimoirí a leasanna agus a gcumas a iniúchadh agus na roghanna cúrsa is fearr a aithint.

TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Tá na seirbhísí atá curtha ar fáil tríd an tacaíocht eagraíochtúil dírithe ar an soláthar de sheirbhísí neamhfhoghlama atá riachtanach chun cuidiú le hoideachasóirí agus le hoiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí chun a chinntiú go bhfuil taithí foghlama ardchaighdeáin acu agus go leanann le BOO Chorcaí a bheith nuálaíoch, athghníomhach agus ag tús cadhnaíochta i ndáil leis an soláthar oideachais agus oiliúna.

Ón am ar bunaíodh é, tá BOO Chorcaí tar éis an athruithe a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí neamhfhoghlama a struchtúru agus curtha i gcrích ag an bPríomh-Oifig le bheith ar fáil do gach aon réimse den soláthar foghlama.

Tá na seirbhísí seo leithroinnte ina gcúig rannán, agus sainchúram leathan ag gach aon cheann díobhsan atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na gceanglas maidir leis an rialachas corparáideach agus ag an am céanna go mbeidh sí in ann freastal ar na ceanglais faoin raon leathan reachtaíochta a mbíonn tionchar aige ar eagraíocht.

Cé gur próiseas forásach leanúnach é an dearadh eagraíochtúil, tá an ROS ag tabhairt faoi roinnt tionscadal earnála ar bhonn náisiúnta. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na tionscadail

sin, agus go háirithe na seirbhísí comhroinnte, i ndáil leis an bpárolla agus an airgeadas araon, ar an gcaoi a bhfuilimid struchtúrtha mar eagraíocht, ar ár gcumas chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí reatha chomh maith lenár gcumas seirbhísí a leathnú amach mar fhreagra ar bhrúnna inmheánacha agus seachtracha, ar nós an soláthar de sheirbhísí do scoileanna nach cuid den BOO iad.

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí de bheith rannpháirteach go dearfach i dtionscadail náisiúnta toisc go n-aithnítear gur próiseas atá ag teacht chun cinn é an t-athrú sin.

Caipiteal & Soláthar

Soláthraíonn an Rannóg Chaipitil & Sholáthair raon seirbhísí chun tacú le Coláistí agus Ionaid maidir le cláir thógála agus riachtanais soláthair. Tá an dá réimse an-éagsúil, agus is iad na seirbhísí a sholáthraítear ná;

Foirgnimh

- Tionscadail Chaipitil Tógála BOO do scoileanna nua, síntí, cóiríocht shealadach srl
- Iarratas ar chead pleanála agus achomhairc riachtanacha
- Scéim Oibreacha Samhraidh Scoile
- Scéim Oibreacha Éigeandála
- Cúrsaí tógála féinmhaoinithe ag BOO
- An Bhainistíocht Áiseanna - cothabháil HO, éifeachtúlacht fuinnimh BOOC srl. a eagrú
- Cúnamh do scoileanna neamh-BOO nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Tógála ROS orthu

An Soláthar

- Forbairt agus monatóireacht ar nósanna imeachta BOOC (HO agus an BOO níos leithne) chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais leis an dea-chleachtas agus le ceanglais an Ard-Reachtair Cuntais & Ciste
- Soláthar earraí / seirbhísí ar aon dul leis na polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha
- Orduithe / íocaíochtaí na Príomh-Oifige)
- Idirchaidreamh a dhéanamh le OGP, ETBI, fóraim soláthair srl.
- Clár conarthaí a chothabháil agus a athnuachan

Seirbhísí Corparáideacha

Is é príomhfheidhm na Seirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go bhfuiltear ag cloí le riachtanais na reachtaíochta agus ciorclán agus go bhfuiltear ag tógáil air trí athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus ar chleachtais oibre agus an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú. Seo a leanas roinnt de na réimsí sonracha atá faoi shainchúram na roinne;

- An Rialachas Corparáideach
- Cosaint Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair

- Bainistíocht Maoine agus Léasa
- Margaíocht
- Bainistiú Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse
- Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin don Bhord agus don Fheidhmeannas

Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Rannóg Acmhainní Daonna raon seirbhísí a thacaíonn le Bainisteoirí agus le foireann BOO Chorcaí. Clúdaíonn na seirbhísí gach gné d'fhostaíocht na mball foirne, ón am a earcaítear iad go dtí go scaoiltear ón eagraíocht iad, ar bhealach a ndéantar cinnte de go gcomhlíonann BOO Chorcaí agus a Bhainisteoirí reachtaíocht fostaíochta agus ciorcláin. Seo a leanas cuid de na seirbhísí a sholáthraítear;

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Leithdháileadh agus Úsáid Foirne
- Riarachán Párolla
- Riarachán Saoire
- Sláinte cheirde
- Cur i bhfeidhm comhaontuithe agus / nó córas náisiúnta
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Aoisliúntas

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról TFC ag forbairt i gcónaí i ngach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tá fás suntasach tagtha ar a thábhacht maidir le riarachán agus rialachas mar aon le teagasc agus foghlaim. Mar Roinn is iad an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí do Choláistí / Ionaid;

- Bainistiú Tionscadail ar chórais nua lena n-áirítear uasghráduithe
- Forbairt agus bainistiú an bhonneagair
- Córais bhogearraí oiriúnacha a aithint agus uasghráduithe a dhéanamh orthu
- Córais chumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht theicniúil
- Bainistiú Conraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach maidir leis an soláthar
- Pleananna Aisghabhála Tubaiste
- An Chosaint agus an tSlándáil de Shonraí TF

Airgeadas

Déanann Rannóg Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí bainistíocht agus maoirseacht ar chuntais BOO Chorcaí agus cuireann siad comhairle ar fáil chun a chinntiú go gcomhlíontar leis an reachtaíocht agus leis na ciorcláin ábhartha. Seo a leanas cuid de na seirbhísí a sholáthraítear ann;

- Íocaíochtaí agus nósanna imeachta gaolmhara, ceaduithe, rialuithe agus an comhlíonadh
- Baincéireacht
- Tuairisciú idirbheart airgeadais agus athmhuintearas
- Ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Buiséadú agus réamh-mheastacháin
- Bainistiú Éileamh CSE
- Bainistiú Sruthanna maoinithe
- Comhordú Iniúchtaí C&AG agus ESF

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta

	An Bhliain Réamh- mheasta dar críoch an 31/12/2019 €	* Dréachtbhliain dar críoch an 31/12/2018 €
FÁLTAIS		
Deontais Scoileanna & Ceann-Oifige	119,616,410	117,506,022
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	50,627,286	48,794,562
Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	15,000	15,277
Deontais um Sheirbhísí don Ógra	4,100,000	4,008,590
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	10,650,000	10,632,591
Caipiteal	8,500,000	8,482,799
	193,508,696	189,439,841
 ÍOCAÍOCHTAÍ		
Scoileanna & an Príomhoifig	120,300,000	117,440,111
An Breisoideachas agus an Oiliúint	50,627,286	50,272,263
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	9,000	9,359
Seirbhísí Óige	4,500,000	4,332,197
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	10,300,000	10,307,652
Caipiteal	8,200,000	8,173,426
	193,936,286	190,535,008
 Barrachas / (Easnamh) Airgid don Tréimhse	(427,590)	(1,095,167)

* Neamhiniúchta

Gluais Téarmaí

AD	Acmhainní Daonna
AEO	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
ALO	Oifigeach Litearthachta d'Aosaigh
APO	Príomhoifigeach Cúnta
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
CFPA	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
CIT	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
CNS	Scoileanna Náisiúnta Pobail
CS	Seirbhísí Corparáideacha
C&P	Caipiteal & Soláthar
FET	An Breisoideachas agus an Oiliúint
FLG	An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ITABE	An Dian-Teagasc san Oideachas Bunata Aosach
OFA	Oifig Fiontair Áitiúil
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
PLC	Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
SOP	Buan-Nós Imeachta Oibriúcháin
STEM	An Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht agus an Matamaitic
TFFanna	Timpeallachtaí Foghlama Fíorúla
VEC	Coiste Gairmoideachais
WSE-MLL	Meastóireacht Scoile Uile ar an mBainistíocht, ar an gCeannaireacht agus ar an Fhoghlaim